AN DAINGEAN, PLEAN LIMISTÉIR ÁITÚIL

1.0 Réamhrá

Ullmhaíodh an plean seo de réir Alt 20 den Acht Forbartha agus Pleanála 2000 mar a leasaíodh, agus réitíonn sé le polasaithe, forálacha agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae, Treoirlínte Náisiúnta, agus Straitéis Bhord Forbartha Chontae Chiarraí. I gcomhar le Plean Forbartha Chontae Chiarraí, soláthraíonn sé an creat le haghaidh cinntí pleanála a dhéanfar amach anseo, agus beidh feidhm leis ar feadh tréimhse nach mó na sé bliana ón dáta ar glacadh leis. (9 Meitheamh 2006).

Géillfidh an fhorbairt a dhéantar laistigh de theorainneacha an Phlean Limistéir Áitiúil seo do Chuspóirí Phlean Forbartha an Chontae, maraon le haon chuspóir eile ar leith a fhaightear sa phlean seo. Cé go gcaithfidh cuspóirí an Phlean Limistéir Áitiúil a bheith i gcomhréir le Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae, in aon chás débhríochta is d'fhorálacha, polasaithe agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae a thabharfar tosaíocht.

1.1 Próifíl an Bhaile

Láthair

Tá an Daingean suite ag ceann thiar an N86 ar chósta theas leithinis Chorca Dhuibhne. Tá sé thart ar 49 ciliméadar (30 míle) siar ó dheas ó Thrá Lí, thart ar 71 ciliméadar (44 míle) siar ó thuaidh ó Chill Airne, agus thart ar 57 ciliméadar (35 míle) siar ó Aerfort Chiarraí. (Féach Léarscáil 1).

Feidhm

Sainítear an baile mar Lárionad Dúiche i measc lonnaíochtaí an chontae, mar atá mínithe i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2003 - 2009. Tá feidhmeanna tábhachtacha seirbhíse agus fostaíochta ag ionaid mar seo laistigh dá gceantair. Baineann tábhacht chúltúrtha nach beag leis an mbaile, is lárionad do Ghaeltacht Chorca Dhuibhne é, agus feidhmíonn sé mar bhealach tábhachtach isteach sa Ghaeltacht agus mar fhócas dó. Seo slí isteach na dturasóirí a ghabhann ar chuairt tiomána Cheann Slé ar an R559. Ionad tábhachtach trádála agus tráchtála is ea é, agus is ceann de na calafoirt iascaireachta is tábhachtaí é, chomh maith, ar chósta thiar theas na hÉireann. Turasóireacht, próiseáil éisc, iascaireacht, tionscail déantúsaíochta/ seirbhísí a chuireann fostaíocht áitiúil ar fáil.
Is díol spéise do thurasóirí é baile An Daingin ann féin. Mórsprioc thurasóireachta ag cuairteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta is ea é. Tá saibhreas staire ar an mbaile, agus bhí sé mar lárionad iascaireachta, trádála agus tráchtála siar go dtí an tríú haois déag.
Is gá carachtar agus blas ar leith an bhaile a chur san áireamh nuair atá a fhorbairt sna blianta amach romhainn á mheas.

Daonra agus Éileamh ar Thithíocht

D'áirigh an Lároifig Staidrimh go raibh daonra de 1,828 duine i mbaile An Daingin in 2002. Ba é an meánráta fáis bhliantúil ar an daonra sa tréimhse idir na daonáirimh i 1996 agus 2002 ná 3.17% sa bhliain, nó 19.01% san iomlán i gcaitheamh na sé bliana. Áirítear go mbeidh méadú de 355 duine ar bhuandaonra an bhaile thar thréimhse 6 bliana an phlean seo.

Tá an méid talún atá criosaithe d'fhorbairt chónaithe níos mó ná an t-éileamh atáthar ag tuar, chun gur féidir déileáil le gnéithe áirithe breise den scéal. Ar dtús, chun a bheith ullamh sa chás nach scaoilfeadh úinéirí talún áirithe talamh atá criosaithe chun forbartha uathu. Sa dara háit, chun déileáil le fás pleanáilte an daonra, a éiríonn as feidhmiú an phlean seo agus Straitéis Lonnaíochta Phlean Forbartha Chontae Chiarraí. Agus ar deireadh, ag cur san áireamh go bhfuil tarrac ar an gceantar mar ionad saoire, srianta a bheith ar thithe saoire faoin tuath, agus ioncam indiúscartha a bheith ag méadú, is é is dóichí go mbeidh an t-éileamh ar thithe saoire laistigh den bhaile ag fás.

Is gá go gcuirfeadh an fás sa todhchaí le ról agus le feidhm an bhaile mar Lárionad Dúiche, trí dhaonra atá mór go leor a chothú chun go mbeadh ardleibhéal acmhainne ann mar bhaile riachtanais an cheantair seo atá fairsing agus scoite amach a shásamh.

1.2 Straitéis Fhoriomlán Mheasúnaithe agus Forbartha

Féachtar ar An Daingean mar phríomhionad d'fhobairt leanúnach leithinis Chorca Dhuibhne sna blianta romhainn. Is í an straitéis forbartha atá ann ná cur le hacmhainní fisiceacha an bhaile agus fás eacnamaíoch a spreagadh, ach féachaint le carachtar, blas, agus gnéithe cultúir an bhaile a chothabháil agus a fheabhsú. Ba chóir go mbeadh aon fhorbairt ar chaighdeán ard amhairc agus ailtireachta, i dtreo gur móide mealltacht an bhaile i gcás áitritheoirí agus turasóirí araon.

Mhaolaigh tionscail talmhaíochta, iascaireachta agus turasóireachta An Daingin, agus an bealach isteach thar farraige, an éifeacht a bhaineann le bheith ar an imeall agus scoite amach ó mhórionaid eacnamaíocha an chontae. Tá buntáistí dá chuid féin ag an mbaile, an cuan, an radharc tíre, imeachtaí fóillíochta, an cultúr agus an Ghaeilge, ar féidir iad go léir a chur chun leasa margaí agus deiseanna áitiúla a fhorbairt.

Braitheann fuinneamh an bhaile, agus méadú daonra agus seirbhísí, go príomha ar dheiseanna slán-fostaíochta a bheith á gcur ar fáil i gcaitheamh na bliana ar fad. Tá líon na ndaoine atá fostaithe sa talmhaíocht ar fud mhórcheantar an bhaile ag ísliú go leanúnach, agus is lú an glaoch a bheidh ar sheirbhísí traidisiúnta san earnáil seo dá réir. Chúitigh neart earnálacha na turasóireachta agus na tógála an chailliúint seo le blianta beaga anuas.

Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí gur gá tréithe comhshaoil an Daingin a chaomhnú agus a fheabhsú, le linn d'fhorbairt shuntasach chomhtháite a bheith á cur san áireamh. Coimeádann an Chomhairle in aigne go bhfuil gá ag an mbaile agus an réigiún le bonn cothrom eacnamaíoch. Is mian leis an gComhairle úsáid na talún, ach go háirithe, a uasghrádú chun gur féidir le héadan uisce an bhaile cur de réir a acmhainne le conláistí agus eacnamaíocht an bhaile. Is gá forbairt ordúil mhealltach ar an achar seo chun liomatáiste nua agus fócas a chur ar fáil a chuirfidh leis an mbaile ar fad.

Uimhir Chuspóra	Cuspóirí Foriomlána
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
Ginearálta	
OO-1	Forbairt bhonneagair agus seirbhísí laistigh den bhaile a chur chun cinn, cáilíocht saoil na n-áitritheoirí a fheabhsú, agus láthair chónaithe níos éifeachtaí

	agus níos mealltaí a dhéanamh den bhaile.
OO-2	Soláthar bonneagair chumarsáide ardteicneolaíochta a éascú, chun tionchar an fhorimeallachais a mhaolú agus deiseanna fostaíochta a mhéadú.
OO-3	A chinntiú go gcloíonn gach forbairt nua le cuspóirí deartha an phlean seo, leis na caighdeáin rialaithe forbartha atá leagtha amach i gcaibidil 12 de Phlean Forbartha Chontae Chiarraí, agus le haon treoirlínte deartha a eisíonn Comhairle Chontae Chiarraí le linn ré saoil an phlean.
OO-4	Coinníoll pleanála a chur le gach forbairt nua go mbeidh rith an uisce dromchla chun srutha deartha ar bhealach nach moillítear rith an uisce dromchla isteach sa séarach poiblí / sruthán. An aidhm atá leis seo ná an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag forbairtí sa todhchaí ar rith uisce dhromchla chun srutha a mhaolú, mar d'fhéadfadh tuillte níos mó agus níos minicí a bheith ann dá éagmais. I gcás gach iarratais fhorbartha, déanfar soláthar do Chórais Draenála Uirbí inbhuanaithe (SUDS) agus measúnófar an fhorbairt dá réir sin, agus beidh toimhde ann in aghaidh cur isteach ar abhainn.
OO-5	Forbairt éadan le farraige so-rochtana ar ardchaighdeán a chur chun cinn
OO-6	An chuma uirbeach a fheabhsú ag teorainneacha an bhaile, agus féachaint le bealaí taitneamhacha isteach ar an mbaile a sholáthar agus a chothabháil.
OO-7	Soláthar rochtana do dhaoine faoi mhíchumas go dtí foirgnimh thráchtála, mhiondíola agus phoiblí a éascú.
OO-8	Cuspóir is ea é an timpeallacht uisceach a chosaint mar ghné den oidhreacht nádúrtha.

Chomh maith leis an ról traidisiúnta atá aige mar ionad seirbhísí, a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí sa cheantar féin, tá An Daingean tar éis forbairt mar mhórionad turasóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is de bharr an láthair ar a bhfuil sé go mór mhór a tharla seo agus é suite i measc cuid den radharcra is taibhsí sa tír, chomh maith leis na nithe ar díol spéise iad ar an mbaile féin. Ina measc seo tá na sráid-dreacha traidisiúnta, an calafort iascaireachta beo soshroiste ar an éadan le farraige, agus a oidhreacht teanga agus chultúir. Cuspóir de chuid an phlean seo is ea é na sócmhainní seo a chosaint, agus forbairt an bhaile a chur chun cinn ar bhealach a chomhlánaigh saintréithe na lonnaíochta mar atá.

Acmhainn Forbartha

Toisc gur mórionad turasóireachta an baile, athraíonn an t-éileamh ar sheirbhísí cuid mhaith i gcaitheamh na bliana. Ach an leas is mó a bhaint as acmhainn an bhaile, méadófar an leibhéal gníomhaíochta eacnamaíche, forbairt na fostaíochta i gcaitheamh na bliana ar fad san áireamh (chun baint de nádúr séasúrach thionscail na turasóireachta agus na hiascaireachta), maolófar míbhuntáistí áitiúla an bhaile, agus soláthrófar chomh maith an líon criticiúil de bhuanáitritheoirí is gá leis an éileamh ar sheirbhísí a chothú. Is féidir seo a thabhairt i gcrích ach an Daingean a dhéanamh níos taitneamhaí mar áit chónaithe trí shaoráidí sláinte, oideachais, conláiste, miondíola, tithíochta, sóisialta agus cultúir ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Cuspóir de chuid an phlean seo is ea é, dá réir, soláthar saoráidí ardchaighdeáin sna hearnálacha seo a éascú.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, is gá roinnt ceisteanna a bhreithniú.

I dtús báire, fulaingíonn an baile cuid mhaith ó bhrú tráchta le linn shéasúr na turasóireachta. Is ceist thábhachtach í seo a bhaineann de thaitneamh agus d'fheidhm an bhaile. Cuid bhunaigh den taitneamh a bhaineann le baile is ea a bheith in ann teacht ar sheirbhísí agus ar shaoráidí. Is féidir leis an mbrú tráchta ar an mbaile drochthionchar a imirt ar a inmharthanacht, ar a fhuinneamh agus ar a bheocht chomh maith. D'fhéadfadh go nginfeadh brú tráchta neamhfhonn cuairt a thabhairt ar lár an bhaile. Brúitear saoráidí miondíola amach go dtí imeall an bhaile, agus gabhann sé seo i bhfeidhm arís eile ar inmharthanacht an tsoláthair mhiondíola i lár an bhaile. Beidh sé de chuspóir ag an bplean seo, dá réir, an brú tráchta laistigh den bhaile a mhaolú trí bhóthar faoisimh a chur ar fáil, mar aon le breis spásanna carrpháirceála.

Is mó go mór an t-éileamh ar pháirceáil laistigh den bhaile ná mar a tharlaíonn i mbailte eile den mhéid céanna. Éileamh a éiríonn as an turasóireacht is mó is cúis leis seo. Má tá An Daingean chun fás a thuilleadh, agus chun feidhmiú go héifeachtach mar ionad taitneamhach turasóireachta, is gá an soláthar páirceála ar an mbaile a mhéadú. Is gá soláthar do charranna agus do chóistí araon.

An Cultúr agus an Ghaeilge:

Mar phríomhlonnaíocht Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, is gá oidhreacht shainiúil chultúrtha, fhisiceach agus chomhshaoil an bhaile a chosaint. Is acmhainn eacnamaíoch inti féin í an Ghaeilge agus an oidhreacht chultúrtha a bhaineann léi, agus gineann sin cuid mhaith den ioncam ón turasóireacht. Is cuspóir de chuid an phlean seo an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chosaint laistigh den bhaile.

Toisc an oidhreacht shaibhir teanga agus cheoil, tá sé tábhachtach go gcuirfí ionad oiriúnach ar fáil do léiriúcháin agus taispeántaisí poiblí, chun forbairt leanúnach na hoidhreachta seo a chur chun cinn agus a spreagadh. Is cuspóir de chuid an phlean seo é go n-éascódh Comhairle Contae Chiarraí forbairt amharclainne laistigh den bhaile.

Teorainn Forbartha:

Socraíodh ar theorainn bhaile don Daingean faoi réir an ghá atá le soláthar d'fhorbairt bhaile atá dlúth agus inrochtana, ag teacht le prionsabail na forbartha inmharthanaí agus ar mhaithe lena láthair thaibhseach i lár na tírdhreiche mórthimpeall a chosaint.

Turasóireacht

An calafort beo iscaireachta, carachtar sainiúil an bhaile féin, an oidhreacht chultúir agus teanga, chomh maith leis na bialanna breátha, na pubanna agus na siopaí, meallann siad seo ar fad turasóirí. Moltar go neartódh aon chonláistí nua a fhorbrófaí carachtar an bhaile mar atá sé, agus go gcuirfí béim ar leith ar spásanna nua uirbeacha do chonláistí a fhorbairt, ag baint úsáide as an éadan le huisce ach go háirithe.

Áis an-bhreá turasóireachta agus conláiste an-tábhachtach is ea an muiríne atá ar fáil laistigh den bhaile; is acmhainn í seo a chuireann an turasóireacht farraige chun tairbhe, agus táthar ag súil go nginfidh sé tuilleadh forbartha. Soláthraíonn geábhanna iascaireachta, turasanna báid, seoltóireacht, rámhaíocht, slat-iascaireacht agus tumadóireacht deiseanna eile áineasa.

Tá rath ar An Daingean de bharr na turasóireachta, rath nach bhfuil a mhacsamhail le fáil i mbailte iargúlta eile ar chósta thiar na hÉireann. Is in earnáil na turasóireachta is mó a léirítear gur féidir gur féidir fostaíocht ar an mbaile a mhéadú.

Tá roinnt foirgneamh folamh agus láthreán tréigthe i lár an bhaile, a bhaineann dá dhreach. Úsáidfidh an chomhairle a cumhachtaí reachtúla lena chinntiú go dtugtar faoi fhadhb na láithreán tréigthe a leigheas.

Tá réimse, cáilíocht agus méid an lóistín, agus ardchaighdeán na n-áiseanna óstáin agus bialainne sa Daingean ar an sórt a mheallann an-chuid turasóirí. Is taitneamhach an áit an baile le turas a thabhairt air de bharr na n-áiseanna seo, agus is bunáit dá réir é chun cuairt a thabhairt ar leithinis Chorca Dhuibhne. Faoi réir dea-dhearaidh agus ionaid, féachfaidh an plean seo le forbairt dá leithéid a chur chun cinn.

Uimhir Chuspóra	Cuspóirí Foriomlána
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
Turasóireacht	
OT-1	Forbairt a éascú a mhéadódh acmhainn turasóireachta an bhaile.
OT-2	Forbairt saoráidí uiscebhunaithe do thurasóirí laistigh den Mhuiríne agus ar láithreacha cuí a éascú.
OT-3	An Daingean a chur chun cinn mar ionad do chaitheamh aimsire allamuigh, agus mar ionad seirbhísí do chuairteoirí agus do thurasóirí go dtí leithinis Chorca Dhuibhne.
OT-4	Forbairt lóistíní agus óstán ar ardchaighdeán a éascú laistigh den bhaile ar láithreacha cuí.

Tionscal

Moltar go spreagfaí gach tionscal nua (ach go háirithe iad san a bhaineann le próiseáil éisc agus seirbhísí gaolmhara) chun lonnú lasmuigh de theorainn an bhaile, ar mhaithe le conláiste fisiceach agus radhairc an bhaile a chosaint. Leanfar de bheith ag spreagadh tionscail bheaga ceardaíochta laistigh den bhaile, mar ní chuireann siad isteach ar chonláistí cónaithe ná ginearálta.

Tá eastát tionscail ag Údarás na Gaeltachta ag Baile na Buaile, thart ar 1.6 ciliméadar laistiar den Daingean, páirc fiontraíochta ag Cúilín, agus Ceardlann (sráidbhaile ceardaíochta) i mbaile an Daingin.

Tá trádstórais i mBaile an Phléimeannaigh taobh thoir den Daingean, a fhreastalaíonn ar an mbaile. Faoi láthair, tá Marglann an Daingin ag forbairt ionad nua mharglainne gar dóibh seo. Tá láthair chonláiste saoránachta á phleanáil do Bhaile an Phléimeannaigh, a fhreastalóidh ar leithinis Chorca Dhuibhne.

Tá ionad gnó ag Údarás na Gaeltachta i mBaile an Mhuilinn, díreach taobh thiar den Daingean. Toisc bonneagar cumarsáide ardteicneolaíochta a bheith in úsáid ann, ar an mórchóir tá fostóirí ann beag beann ar thionchar imeallachas an bhaile.
Tá rath áirithe ar ghnólachtaí áitiúla, beag go meánmhéid, a d'fhorbair as tionscail tinteáin. Is féidir le bailte dúiche ar nós an Daingin a bheith ina láithreacha tarraingteacha chomh maith le haghaidh fiontair theicneolaíochta ar scála beag. Ní gá dá leithéid lonnú sna lárionaid traidisiúnta fostaíochta, agus is minic a roghnaítear iad a lonnú i gceantair ina bhfuil timpeallacht mhealltach agus cáilíocht mhaith saoil ar fáil.

Uimhir Chuspóra	Cuspóirí Foriomlána
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch	
OE-1	Forbairt an mhuiríne, chomh maith le gníomhaíochtaí agus nithe eile ar díol spéise iad agus atá gaolta leis an turasóireacht a éascú ar an mbaile.
OE-2	Forbairt an chalafoirt oibre a éascú ar mhaithe leis an tionscal iascaireachta.
OE-3	Talamh atá criosaithe do 'tionscail éadroma' a chosaint ar fhorbairt mhíchuí, a dh'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá forbairt d'úsáidí fostaíochta sa bhfadtréimhse.
OE-4	Tionscail éadroma mhionscála a spreagadh ar thalamh atá criosaithe d'fhorbairt thionsclaíoch éadrom.
OE-5	Gníomhú chun An Daingean a chur chun cinn mar cheantar inar féidir aonaid fiontair ghnó/ oifige a lonnú.

Úsáidí Oifige

Mheall an pháirc gnó, a chuir Údarás na Gaeltachta ar fáil ag Baile an Mhuilinn, fostóirí isteach a úsáideann bonneagar leathanbhanda.
Moltar go ndéanfaí soláthar d'fhorbairt na n-earnálacha oifige agus teicneolaíochta le cúnamh timpeallachta atá ar ardcháilíocht, agus trí thalamh oiriúnach ar a bhfuil teacht ar leathanbhanda a chur ar fáil.

Uimhir Chuspóra	Cuspóirí Foriomlána
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
Úsáidí Oifige	
OU-1	Soláthar d'fhorbairt na n-earnálacha oifige agus teicneolaíochta trí thimpeallacht ardchaighdeáin a chothú, agus bonneagar leathanbhanda a chur ar fáil.

Tithíocht

Maidir le forbairt tithíochta, tá sé mar aidhm sa phlean seo na cuspóirí seo leanas a bhaint amach:-

Ar dtús, gur chóir dóthain rogha a sholáthar i ngach earnáil den mhargadh tithíochta. Le blianta beaga anuas, chonacthas forbairtí ar mheán go hard-dlús ag teacht chun cinn, ina bhfuil tithe leathscoite nó sraithe don chuid is mó. Cé go bhfuil an roinn seo den mhargadh riachtanach, ní shásaíonn sé an t-éileamh ar thithe cónaithe atá scoite agus níos fairsinge, agus gineann ceantar uirbeach éileamh ar thithe cónaithe aonair faoin tuath dá réir. An chailliúint daonra seo ón mbaile mór, d'fhéadfadh go n-éireodh easpa éagsúlachta sa chineál tithíochta agus sa dáileadh déimeagrafach dá bharr, chomh maith le heaspa gníomhaíochta pobail agus laghdú ar bheocht agus ar fhuinneamh an bhaile. Tá sé tábhachtach go gcuirfí cúl ar na treochtaí seo. Cuspóir de chuid an phlean seo is ea é, mar sin, soláthar tithe cónaithe íseal-dlúis ar fud an bhaile a éascú.

Ceist thábhachtach is gá a bhreithniú ná áiteanna cónaithe a bheith incheannaithe. Sa mhéid go gcuireann sé le praghas tithíochta, ní cóir go mbeadh easpa talún criosaithe le haghaidh tithíochta i measc na gcúiseanna leis seo. Cuspóir de chuid an phlean seo is ea go leor talún a chriosú le haghaidh tithíochta, chun taobh an tsoláthair den mhargadh a shásamh, agus an cheist a fheabhsú ó thaobh na hinacmhainne de.

Tá éileamh suntasach ar thithe saoire istigh i mbaile an Daingin le blianta beaga anuas. Cé go nglactar leis go gcabhraíonn na forbairtí seo le heacnamaíocht an bhaile, le linn dóibh a bheith á dtógáil agus á n-áitiú, is gá focal rabhaidh maidir le roinnt nithe.

Ar dtús, is féidir leis an éileamh ar thithe saoire praghas na talún a mhéadú, agus áitritheoirí an bhaile a bhrú amach go dtí an tuath. Sa dara háit, tá láthair na bhforbairtí tithíochta saoire sárthábhachtach ó thaobh meanman pobail sna blianta romhainn, chomh maith le fabraic shóisialta agus beocht an bhaile.

Cé go bhfuil an líon tithe saoire i gcomparáid leis an líon tithe buanchónaithe ina cheist thábhachtach, tá an áit ina bhfuil na tithe saoire suite chomh tábhachtach céanna, nó níos tábhachtaí fiú amháin. Is cóir tithe buanchónaithe a bheith suite ar na tailte is giorra atá ar fáil do lár an bhaile, agus is cóir forbairtí tithíochta saoire a bheith ar imeall an bhaile, áit nach mbainfidh siad de bheocht lár an bhaile le linn dóibh a bheith folamh.

Níl forbairt mheasctha de thithe saoire agus tithe buanchónaithe inmholta sa chás go bhfuil cuid mhór de na hárais chónaithe ina dtithe saoire, mar pobal easnamhach an toradh nuair is folamh do na hárais sin le linn mhíosa an gheimhridh, agus gan ach áitritheoirí gearrthéarmacha iontu le linn an tsamhraidh. Ar na cúiseanna seo, tá sé mar chuspóir ag an Údarás Pleanála tailte a chriosú in áiteanna oiriúnacha in aice lár an bhaile agus gar do sheirbhísí le haghaidh tithe buanchónaithe, agus 30% ar a mhéid de na tithe seo a bheith sonraithe mar thithe saoire. Is cóir forbairtí dá leithéid seo a dhearadh agus an codán de thithe saoire iontu mar chuid ar leith den bhforbairt iomlán.

Is cuspóir foriomlán de chuid an phlean seo oidhreacht teanga an bhaile a chosaint. Sa chomhthéacs seo, is cuspóir sonrach de chuid an phlean é gur chóir céatadán de gach forbairt 'bhuanchónaitheach' a bheith in áirithe do chainteoirí Gaeilge. Socróidh agus scrúdóidh Comhairle Contae Chiarraí an caighdeán Gaeilge a bheidh riachtanach.

De réir an Pholasaí Náisiúnta maidir le himeascadh sóisialta a chur chun cinn, agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae 2003 - 2009, cuirfear 20% den talamh a chriosaítear le haghaidh tithíochta nó meascán de thithíocht agus forbairtí eile in áirithe le haghaidh tithíochta sóisialta inacmhainne.

Uimhir Chuspóra	Cuspóirí Foriomlána
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
Tithíocht	
OH-1	Réimse maith roghanna tithíochta a chur ar fáil do dhaoine atá ag cuimhneamh ar theach a cheannach ó thaobh áite, méid agus dearaidh.
OH-2	20% den talamh a chriosaítear le haghaidh tithíochta cónaithe, nó meascán de thithíocht chónaithe agus forbairtí eile, a choimeád le haghaidh tithíochta sóisialta inacmhainne.
OH-3	Go leor talún cónaithe a chriosú chun a chinntiú go mbíonn láithreáin forbartha incheannaithe.
OH-4	Forbairt líontach a éascú chun comhdhéanamh an bhaile a neartú.
OH-5	30% ar a mhéid den talamh a chriosaítear ina thalamh 'buanchónaitheach' a shonrú le haghaidh a úsáide mar thalamh do thithe saoire. Is riachtanas é go mbeadh an codán tithíochta saoire ar ghabháltas ar bith ina aonad ar leith den bhforbraíocht, agus deartha chun an tionchar is lú a bheith aige ar an gcódán buanchónaithe. I gcás gach iarratais ar fhorbairt, ba chóir na céatadáin riachtanacha de chóiríocht saoire / buanchónaithe maraon le moltaí maidir le Cuid V a bheith ann leis. Ní

	cheadófar iarratais ar fhorbraíochtaí tithe saoire gan na teaghaisí buanchónaithe a ghabhann leo.
OH-6	É a bheith riachtanach 31% ar a laghad d'fhorbraíochtaí tithíochta a chriosaítear ina bhforbraíochtaí 'buanchónaitheacha' a bheith in áirithe do chainteoirí Gaeilge. Socróidh agus measúnóidh Comhairle Contae Chiarraí an caighdeán Gaeilge a bheidh riachtanach. Feidhmeofar an riachtanas seo trí choinníoll a chur leis an gcead pleanála atá i gceist.
OH-7	Clásal cónaithe a cheangal le gach aonad cónaithe a leithdháiltear le húsáid mar bhuanchónaí.
OH-8	Soláthar cúraim leanaí, oideachais, cúraim shláinte agus soláthar cúraim do dhaoine aosta laistigh den bhaile a éascú.

Foirm Uirbeach

Léiríonn patrún lonnaíochta an bhaile forbairt ribíneach ar chuid de na bealaí isteach. Easpa sainithe uirbigh an toradh ar fhorbairt ribíneach agus an crot líneach a bhíonn air, agus is lú a bhraitear go bhfuiltear tagtha go dtí lonnaíocht uirbeach. Is aidhm de chuid an phlean seo é sainiú uirbeach na dteorainneacha ar an lonnaíocht a fheabhsú, agus forbairt bhealaí taitneamhacha isteach chun an bhaile a chur chun cinn.

Tá suíomh an bhaile idir Cuan an Daingin ar an taobh theas agus na sléibhte ó thuaidh agus na cnoic ar an taobh thoir i measc na gcúinsí a chinntigh a phatrún lonnaíochta. Soláthróidh an Bóthar Faoisimh atá á phleanáil na bealaí rochtana a bhfuil gá leo chun forbairt na dtailte tadhlacha a éascú.

Miondíol

Tá An Daingean i measc seacht gcinn de 'Lárionaid Dúiche' atá sonraithe sa Straitéis Forbartha Mhiondíola i bPlean Forbartha Chontae Chiarraí 2003 - 2009. Freastalaíonn gach lárionad dúiche ar a cheantar féin, agus leorsholáthar siopadóireachta le fáil ann ann ó thaobh bia agus saoráideachta (bia agus deoch, nithe éagsúla tí mar tháirgí glantóireachta, earraí maisíochta agus cógaisíochta), ach ní fhaightear ann ach raon teoranta de earraí comparáideacha. Sásaítear an t-éileamh ar shiopadóireacht chomparáideach (éadaí, treallamh leictreach, troscán tí, cairpéid agus treallamh DFÉ - déan féin é) sna bailte réigiúin, Trá Lí agus Cill Airne.

Ní leor méid agus daonra an cheantair chun forbairt an bhaile mar ionad miondíola agus seirbhísí ardraoin a chothú. D'fhéadfaí, áfach, a chuid feidhmeanna dúiche a chomhdhlúthú agus a fhorbairt tuilleadh, i dtreo go mbeadh i bhfad níos mó neamhspleáchais aige ó thaobh earraí agus seirbhísí. Chuige seo, beidh gá le timpeallacht lárbhaile níos mealltaí a fhorbairt, páirceáil lárnach, bearta chun brú tráchta a mhaolú, agus criosú ar thalamh oiriúnach chun freastal ar an bhfeidhm mhiondíola níos fairsinge..

Uimhir Chuspóra	Cuspóirí Foriomlána
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
Miondíol	
OR-1	Beocht agus inmharthanacht an bhaile mar láthair shiopadóireachta dá cheantar a chothabháil.
OR-2	Raon, scála agus inrochtaineacht na siopaí ar an mbaile a fheabhsú.
OR-3	Ardchaighdeáin chonláiste agus chomhsaoil a chothabháil i gcroí miondíola an bhaile.
OR-4	Talamh a chriosú do thrádstóráil mhiondíola.

An Timpeallacht Tógtha

Baineann go leor sainghnéithe taitneamhacha le lár an bhaile, ar ar féidir timpeallacht siopadóireachta ar ardchaighdeán a thógáil. An tsráid-dreach stairiúil an ghné fhisiceach is sainiúla díobh san. Cosnóidh na polasaithe Oidhreachta sa phlean seo an tsócmhainn stairiúil seo. Cuireann na láithreáin atá criosaithe d'úsáid mheasctha sa phlean seo deis ar fáil chun spásanna taitneamhacha oscailte agus ailtireacht úrnua a chruthú, agus feabhsóidh sin comhdhéanamh fisiceach lár an bhaile cuid mhaith.

Comhshaol Nádúrtha agus Conláistí:

Tá na ceisteanna iomadúla a bhaineann le Cuan an Daingin mionsonraithe sna staidéir seo leanas a choimisiúnaigh Coimisinéirí Chuan an Daingin:-

- Dingle Harbour: A resource Scoping Study (2002)
- Dingle Harbour resource initiative: Policy statement and harbour users' workshops (2005)

Tá an timpeallacht nádúrtha sa dúthaigh ar chaighdeán an-ard, toisc an t-ionad cóireála fuíolluisce, agus toisc nach ann d'aon tionscal trom truaillithe. Is gá cloí leis na caighdeáin seo san am atá le teacht.

Tá talamh díreach ar an taobh ó thuaidh den bhaile ainmnithe mar Limistéar Oidhreachta Náisiúnta agus mar Limistéar Speisialta Caomhantais chomh maith (Léarscáil 5).

Uimhir Chuspóra	Cuspóirí Foriomlána
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
Comhshaol	
OEnv-1	Forbairt a mbeadh drochthionchar aige ar an timpeallacht nádúrtha a chosc.
OEnv-2	Forleathnú ar an Ionad Cóireála Fuíolluisce ag Imleach an Daingin a éascú, i dtreo gur féidir freastal ar riachtanais san am romhainn.

1.3 Cuspóirí Sonracha

An Cultúr agus an Ghaeilge:

Tá ceangal ar an gcomhairle faoi Alt 10(2m) d'Acht Pleanála agus Forbartha 2000 cuspóirí ar mhaithe le hoidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta a chosaint, maraon leis an nGaeilge a chur chun cinn mar an teanga pobail, a chur san áireamh.
Is é An Daingean an phríomhlonnaíocht i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. De réir Daonáireamh 2002, is ionann líon na gcainteoirí Gaeilge ar an mbaile agus 62.4% den daonra iomlán. Is gá d'fhorbairtí eacnamaíocha agus sóisialta sainoidhreacht an bhaile a chosaint, an teanga agus an cultúr, an oidhreacht fhisiceach agus an timpeallacht. Is gá iarratais phleanála a mheasúnú i dtéarmaí oidhreacht teanga, shóisialta agus chúltúr na Gaeltachta a chosaint.

Uimhir Chuspóra	An Ghaeilge
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
AG-1	Go gcosnaítear oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta ins An Daingean, agus go gcuirtear an Ghaeilge chun cinn mar an teanga pobail san áireamh.
AG-2	Go gcuirtear coinníoll Gaeilge le cead pleanála d'fhorbairtí tithíochta atá criosaithe mar 'bhuanchónaitheach', chun an tionchar ar an nGaeltacht seo atá ag daoine nach labhrann Gaeilge a mhaolú. Coinneofar 31% ar a laghad d'fhorbairtí tithíochta atá criosaithe mar thithe 'buanchónaithe' do chainteoirí Gaeilge. Comhairle Contae Chiarraí a shocróidh agus a mheasúnóidh an caighdeán Gaeilge atá riachtanach. (Ní chuirfear aon choinníoll Gaeilge le tithe saoire nó leis an gcuid Shóisialta agus Inacmhainne d'fhorbairtí).
AG-3	Beidh gach comharthaíocht treoch i nGaeilge amháin. Beidh gach comharthaíocht eile sa Daingean i nGaeilge amháin nó dátheangach. I gcás foclaíochta atá dátheangach, an leagan Gaeilge a bheidh in uachtar ar an gcomhartha.
AG-4	As seo amach, beidh ainm gach forbraíocht tithíochta i nGaeilge amháin.
AG-5	Beidh ráiteas tionchair teanga riachtanach i gcás gach scéim tithíochta, agus cuirfear san áireamh é nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais phleanála.

Tithíocht

Nuair atá dlúis chónaithe á gcinntiú, cuirfear san áireamh inniúlacht an dearaidh agus an leagan amach a mholtar chun timpeallacht chónaí ar cháilíocht mhaith a sholáthar, maraon le spás oscailte cuí a bheith ar fáil. Nuair a bhreithneofar tograí beidh sé mar aidhm úsáid uasta, agus luach dá réir, a bhaint as seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird ar "Residential Density – Guidelines for Planning Authorities" foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Nollaig 2000, nuair atá tograí á mbreithniú. Is cuí dlúis níos airde a bheith i dtreo lár an bhaile, agus maolaítear ar an dlús amach i dtreo theorainneacha an bhaile. Ba chóir go n-mbeadh dlúis tithíochta in oiriúint don láthair, agus go gcuirfí forbairtí teorantacha san áireamh.

Uimhir Chuspóra	Cónaitheach
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
H-1	Go gcoimeádtar na tailte sin atá marcáilte **'buanchónaitheach'** ar léarscáil 2 le haghaidh forbartha buanchónaithí, chun soláthar don éileamh láithreach agus don éileamh réamhmheasta, faoi réir 30% ar a mhéid a bheith sainithe do thithe saoire. Beidh an codán tithe saoire ina chuid ar leith den bhforbairt.
H-2	Forbairt suíomhanna oiriúnacha tréigthe agus talún cúil le haghaidh scéimeanna líontacha tithíochta a chur chun cinn.
H-3	20% den talamh a criosaíodh d'fhorbairt chónaitheach sa phlean seo, nó do mheascán de chónaitheach agus úsáidí eile, a choimeád chun tithíocht shóisialta inacmhainne a sholáthar.

Fostaíocht agus Gniomhaíocht Eacnamaíochta

Uimhir Chuspóra	Tionscal / Fostaíocht
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
E-1	Bunú tionscail bheaga cheird-bhunaithe agus tionscail eile dá leithéid a spreagadh laistigh den bhaile.
E-2	Aistriú próiseáil éisc agus seirbhísí gaolmhara go dtí an t-eastát tionsclaíoch atá ag Baile na Buaile, taobh thiar den Daingean, a spreagadh.
E-3	Na tailte a léirítear ar léarscáil 2 a chriosú do 'tionscail éadroma' mar áis do thionscal an éisc i limistéar an chalaidh.

An Daingean: Páirceanna Gnó

Tá éirithe leis an An Daingean líon beag fostóirí oifige ardteicneolaíochta a mhealladh isteach. Tuigtear uaidh seo gur féidir le gnólachtaí nach gá dóibh a bheith gar don mhargadh agus don bhonneagar iompair, mar shampla, teilidhíolachán, comhlachtaí Teicneolaíocht an Eolais, seirbhísí airgeadais, ceanncheathrúna comhlachtaí agus earnálacha poiblí, etc, lonnú sa Daingean agus rath a bheith orthu ann. Gníomhaíochtaí glana neamhthruaillitheacha is ea chatagóir seo, a chuireann táirge ar fáil ach nach bhfreastalaíonn go díreach ar an bpobal.

San earnáil seo tá spás le haghaidh tuilleadh fáis ag an dá pháirc oifige / ghnó / fiontair, i mBaile an Mhuilinn díreach laistiar den Daingean, agus ins An Cúilín sa Daingean féin. D'fhéadfaí suíomhanna in aice leis an mbealach don snáithín leathanbhanda atá molta a úsáid chomh maith (m.s., d'fhéadfadh an t-ospidéal, Meánscoil na mBráithre agus Meánscoil an Chlochair a bheith ar fáil, toisc iad a bheith á n-athlonnú).

Imríonn cáilíocht na timpeallachta tionchar ar chinntí gnólachtaí san earnáil seo maidir le háit a roghnú, agus mar sin is gá leagan amach agus cáilíocht ailtireachta na forbartha a bheith ar chaighdeán ard. Caithfidh forbairt cloí leis an dearadh uirbeach agus na caighdeáin ailtireachta atá sonraithe sa phlean seo. Braithfidh rath na bpáirceanna seo ar fhabraic shóisialta agus timpeallachta an bhaile a fheabhsú chomh maith.

Uimhir Chuspóra	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
E-4	Tailte a chriosú mar a léirítear ar léarscáil 2 mar Pháirceanna Gnó.

Iompar agus Bonneagar

Tá iompar agus bonneagar tábhachtach ó thaobh cháilíocht saoil de. Nascanna maithe iompair, trácht saorshreafa agus go leor páirceála, ní beag a dtábhacht ó thaobh daonra, fostaíocht agus turasóireacht a mhéadú, agus baile taitneamhach a fhorbairt.
Fulaingaíonn an Daingean cuid mhaith tré-thráchta agus brú tráchta ag amanna buaice sa séasúr turasóireachta. Chomh maith leis sin, toisc cúinge an bhóthair ag An Droichead tá bac ar fhorbairt tailte le hais Bhóthar an Spá agus i dtreo na Conarach. Leis an bhfadhb a mhaolú, aithníodh bóthar faoisimh agus carrchlósanna breise agus cainníochtaíodh na riachtanais pháirceála sa Phlean Bainistíochta Tráchta don Daingean. Tá forbairt cuid mhaith de na tailte a criosaíodh ag brath ar an mbonneagar seo a bheith a chur ar fáil.

Dearadh Scéim Soláthar Uisce an Daingin le toilleadh 2000m3 d'uisce cóireáltha sa ló. Is iad na buaicmhíosa ná Lúnasa agus Meán Fómhair, nuair is gnách go mbeadh uas-éileamh de 1,650m3 ar uisce sa ló. Dearadh Ionad Cóireála Fuíolluisce an Daingin le haghaidh daonra de 8,600 duine. Cé go bhfuil leoracmhainn cóireála ag an Ionad faoi láthair, is gá soláthar a dhéanamh chun é a mhéadú sa todhchaí agus talamh ina aice a chriosú chuige seo.

De réir Ghréasáin Bhord Soláthar an Leictreachais, tá thart ar 50% d'acmhainn an stáisiúin 38KV a fhreastalaíonn ar an Daingean le spáráil faoi láthair.

Carrpháirceáil

Taispeántar na carrchlóis atá ann agus atá molta ar léarscáil 2.

Toisc a fhorleithne is atá na carrchlóis (a úsáideann busanna, veaineanna campála etc) tá an t-éadan le huisce scoite ón mbaile. Ó thaobh radhairc agus feidhme is cuid den phríomhbhóthar é seachas spás poiblí.

Úsáidfear cuid den charrchlós a léirítear sa limistéar lastuaidh de Shráid na Trá agus taobh thoir den bhóthar faoisimh le haghaidh busanna turasóireachta, áit nach gcuirfidh siad isteach ar an radharc a oiread is a dheineann siad agus iad páirceáltha sa chlós ar an éadan le farraige. Beidh an carrchlós seo in aice le limistéar miondíola lár an bhaile, agus teacht uaidh ag coisithe ar Shráid an Doirín. Laghdóigh sé seo an drochéifeacht fhísiúil ar an éadan le huisce, agus éascóidh sé forbairt An Daingin mar stop le haghaidh trácht turasóireachta.

Bóthar Faoisimh

Tagann an chuid is mó den trácht ó Chill Airne agus Trá Lí isteach sa Daingean ar an mBóthar Dara Grád Náisiúnta N86, go ndeintear an R559 de, Cuairt Cheann Slé ón gcé. Mar sin gabhann cuid mhaith tré-thráchta bóthar an éadain le huisce, feithiclí tráchtála agus busanna turasóireachta san áireamh, agus is bóthar cúng go leor é seo.
Moltar an brú tráchta ar bhóthar an éadain le huisce agus i lár an bhaile a laghdú le cúnamh bhóthair nua fhaoisimh. Beifear in ann teacht ar an éadan le huisce le cúnamh an bhóthair seo, agus ar thimpeallán Bhaile an Mhuilinn, agus forbairtí nua a sheirbhísiú. Taispeántar an bealach don Bhóthar Faoisimh seo ar léarscáil 3.

Bóithre Dáileacháin Inmheánacha agus Rochtain ar Thailte Cúil

Aithnítear bealaí rochtana, a léirítear, chun gur féidir teacht ar thailte cúil, ar mhaithe le doimhin-fhorbairt agus múnla uirbeach níos dlúithe a éascú. Aithnítear bealaí breise do choisithe chomh maith, chun gur féidir teacht níos éasca ar pháirc an bhaile.

Uimhir Chus	Iompar agus Bonneagar
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
T1	Forbairt Bhóthar nua Fhaoisimh a éascú (bealach á thaispeáint ar Léarscáil 3) chun trácht i lár an bhaile agus ar bhóthar an éadain le farraige a mhaolú, agus tailte a oscailt le haghaidh a bhforbartha. Beidh an chuid den bhóthar idir Sráid na nGabhar agus Sráid na Trá ina sráid nua uirbeach. Réiteoidh an tsráid seo le carachtar an bhaile mar atá, ó thaobh snáithe uirbí, charachtair, úsáide agus cháilíochtaí ailtireachta.
T2	Soláthar do ghníomhaíocht a bhaineann leis an gcalafort, rochtain d'fheithiclí ón bPiara go dtí an Cé Thuaidh.
T3	Suíomh a chur ar fáil i bhFearann na Cille, lastuaidh de Shráid na Trá agus taobh thoir den bhóthar faoisimh atá molta, mar charrchlós lárbhaile atá fairsing go leor chun déileáil le páirceáil speisialta do bhusanna turasóireachta chomh maith.
T4	Forbairt nasc soir-siar do choisithe agus d'fheithiclí idir an bóthar nua faoisimh, an carrchlós atá molta (T3) agus Sráid an Doirín, gar do charrchlós na hEaglaise Caitlicí, a éascú.
T5	Córais tráchta breise aon-treo i ngar don Droichead a éascú, chun cúrsaíocht tráchta a fheabhsú agus brú tráchta a laghdú.
T6	Leathnú cosán, agus soláthar cosán a éascú, ar an dá thaobh den Phríomhbhóthar áitiúil (L-4100-0) ó thimpeallán Bhaile an Mhuilinn soir ó thuaidh go dtí an t-acomhal, áit a mbuaileann an bóthar faoisimh atá molta le Sráid na nGabhar.

T7	Uasghrádú agus athailíniú an Y-acomhal ag crosaire na Conarach / Bóthar an Spá.
T8	Féachaint le bealach do choisithe a sholáthar ón Meal go dtí Sráid an Dá Gheata, agus trí Pháirc an Bhaile (Páirc Uí Dhónaill) go dtí Sráid an Doirín, chun go mbeadh teacht níos éasca ar an bpáirc.
T9	Féachaint le bealach do choisithe a sholáthar ó Lána an Úlloird isteach i bPáirc an Bhaile (Páirc Uí Dhónaill) chun go mbeadh teacht níos éasca ar an bpáirc.
T10	An siúlán a chaomhnú ar feadh an éadain le huisce ón Tigh Bád ag Cúilín go dtí Tigh an Roicéid, an teach solais agus Binn Bán.
T11	Féachaint le cur leis an siúlán do choisithe ón gCé Thoir go dtí an siúlán ó Chúilín go dtí Tigh an Roicéid.
T12	Pointí rochtana nua a chur in áirithe chun doimhinfhorbairt ordúil a éascú.
T13	Pointí rochtana feabhsaithe a chur ar fáil do thithíocht.
T14	Gach carrchlós poiblí a thírdhreachtú agus craobhacha eolais a chur ar fáil iontu.
T15	Féachaint le himill na mbóithre isteach ar an mbaile a fheabhsú.
T16	Soláthar a dhéanamh chun Lána an tSéipéil soir a leathnú, ón mbóthar faoisimh go dtí an bóthar atá ann faoi láthair ar feadh theorainn an bhaile, agus an bóthar atá ann faoi láthair ar feadh theorainn an bhaile sna bailte fearainn An Gróbh, An Cheapaigh agus Móin na Ceapaí, agus an bóthar a ghabhann soir ó dheas go dtí Bóthar an Spá.
T17	Soláthar a dhéanamh chun Bóthar an Spá (L-12071-0) a leathnú, agus cosáin a chur ar fáil ar an dá thaobh, ón acomhal le Bóthar na Conarach L-5010-0), soir go dtí teorainn an bhaile ag Móin na Ceapaí.
T18	Soláthar a dhéanamh chun Bóthar na Conarach (L-5010-0) a leathnú, agus cosáin a chur ar fáil ar an dá thaobh, óna acomhal leis an mbóthar faoisimh atá molta, soir go dtí teorainn an bhaile ar Bhóthar na Conarach féin.
T19	Forbairt naisc do choisithe a éascú idir an bóthar nua faoisimh agus an tSráid Mhór, in aice le hEaglais na hÉireann.
T-20	Ionad speisialta ag Bóthar an Iarainn a ainmniú ag ar féidir le Busanna Turasóireachta a dturasóirí a ligint amach.
T-21	Fadú an bhóthair a éascú ag cúinne thiar theas an achair ghlais i bhFearann na Cille.
T-22	An soláthar bonneagair atá riachtanach a chur chun cinn agus a éascú, chun gur féidir an rothar a úsáid mar mhodh taistil ar fud an bhaile.
T23	Talamh in aice leis an Ionad Cóireála Fuíolluisce in Imleach an Daingin a chriosú, ar mhaithe le soláthar a dhéanamh chun toilleadh cóireála an Ionaid Chóireála Fhuíolluisce atá ann faoi láthair a mhéadú, le freastal ar an éileamh measta sa todhchaí.
T24	Tacú le soláthar leathanbhanda don Daingean.
T25	Cur leis an gcosán siúil ar an taobh theas den bhóthar R-559-0 ón muiríne siar go dtí an cosán atá ann faoi láthair, mar a léirítear ar Léarscáil 3.

Cistiú an Bhonneagair Riachtanaigh

Aithníodh bainistiú tráchta agus bonneagair iompair mar bhacanna móra ar phoitéinseal forbartha an Daingin. Sa Phlean seo don Limistéar Áitiúil, aithnítear gur riachtanas ríthábhachtach bonneagair é carrpháirceáil agus bóithre faoisimh a sholáthar. Tá forbairt cuid mhaith de na tailte criosaithe (Léarscáil 2) ag brath ar an mbonneagar thuas a bheith ar fáil.

Tá soláthar na mbóithre riachtanacha agus an bhonneagair um bhainistiú tráchta, chun forbairt An Daingin a éascú, ag brath ansan ar Scéim Fhorlíontach do Ranníocaíochtaí Forbartha, de réir A.49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, a nglacfaidh baill thofa Chomhairle Contae Chiarraí ar leithligh leis ar ball.

Miondíol

Is é lár an Daingin, mar a léirítear ar Léarscáil 2, príomhlimistéar siopadóireachta an bhaile. Cloífear leis an bhfeidhm seo agus neartófar é, trína chinntiú go dtarlaíonn forbraíochtaí miondíola, nuair is féidir san, laistigh den chroílár miondíola. Chun é seo a bhaint amach, feidhmeoidh an Chomhairle cur chuige seicheamhach maidir le forbairt nua mhiondíola. Éilíonn sé seo gur gá láithreáin i lár an bhaile a fhorbairt sula mbreithneofar suíomhanna lasmuigh den bhaile. Cinnteoidh sé seo go gcosnaítear beocht agus inmharthanacht lár an bhaile faoi láthair ó thionchar forbraíochtaí lasmuigh den bhaile. Déantar soláthar do shuíomhanna miondíola a d'fhéadfaí a fhorbairt i measc na láithreán 'úsáid mheasctha', agus 'trádstórais mhiondíola' a léirítear ar Léarscáil 2, agus ar roinnt Suíomhanna Deise a léirítear ar Léarscáil 3.

Seans is ea an bóthar faoisimh atá molta chun deiseanna nua miondíola a fhorbairt in aice le lár an bhaile mar atá faoi láthair, ó Shráid na Trá ó thuaidh i dtreo Shráid na nGabhar. Feidhmeoidh an tsráid seo mar shráid nua lárbhaile, fairsingiú taitneamhach ar lár an bhaile, a chuireann dá réir leis an soláthar miondíola, cáilíocht na timpeallachta agus forbairt an Daingin. Cuirfidh sé achar breise miondíola ar fáil a sholáthraíonn do riachtanais an daonra fáis sa Daingean agus sa cheantar. Cuirfear bealach do choisithe agus d'fheithiclí ar fáil ón tsráid nua mhiondíola seo go dtí an carrchlos atá molta, agus amach go dtí Sráid an Doirín.

Tá Trádstóir Mhiondíola ag éirí níos tábhachtaí mar chuid den tionscal miondíola, agus dá réir sin tá siad riachtanach chun an Daingean a fhorbairt mar ionad miondíola dúiche ard-oird. De ghnáth, tá aonaid trádstórála miondíola ar scála mór, is stórais singile mhiondíola iad a fhreastalaíonn ar an gcustaiméar tiomána, agus speisialaíonn siad i dtáirgí nach bia, mar shampla, troscán, cairpéid, tíleanna, DFÉ (Déan Féin É), earraí leictreacha, etc. Ní féidir le lár bhaile an Daingin freastal ar fhorbraíochtaí mar seo, toisc a méid, riachtanais seirbhíse, rochtaineacht, agus na hearraí a dhíoltar. Tá an lárghréasán bóithre plódaithe, agus ní fhéadfaí freastal ar bhreis feithiclí gan an bonn a bhaint d'úsáidí eile miondíola. Tá talamh criosaithe, mar sin, chun go bhforbrofaí Páirc

Trádstóras Miondíola lasmuigh den bhaile ag Gort Onóra, mar a léirítear ar Léarscáil 2.

Caithfidh iarratais ar fhorbairt mhiondíola cloí leis na polasaithe atá sna Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála, a d'eisigh An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2000.

Uimhir Chuspóra	Mionmdíol
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é to
R-1	A chinntiú go lonnaítear forbairt nua mhiondíola, seachas siopadóireacht áise ar mhionscála agus miondíol/ trádstóráil, i lár an bhaile, agus áit nach bhfuil seo inmharthanach í a bheith ar shuíomhanna imeall láir.
R-2	Úsáidí miondíola a chur chun cinn laistigh den chroí miondíola, ar láithreáin úsáid mheasctha (mar a thaispeántar ar Léarscáil 2) agus laistigh de Shuíomhanna Deise áirithe (mar a thaispeántar ar Léarscáil 3).
R-3	Tailte a chriosú, mar a thaispeántar ar Léarscáil 2, chun páirc 'trádstóráil mhiondíola' a fhorbairt ag Gort Onóra.
R-4	An soláthar miondíola atá ar fáil laistigh den bhaile a mhéadú, ó thaobh raon earraí agus líon na gcóracha díolta.

Conláistí

Is láthair agus bunáit ar fheabhas An Daingean le haghaidh gníomhaíochtaí fóillíochta agus áineasa neamhfhoirmeálta, leis an gcuan ó dheas agus na cnoic taobh thuaidh, taobh thiar agus taobh thoir. Meallann an muiríne mórchuid bád fóillíochta go dtí an baile.

Beidh sé mar pholasaí ag an gComhairle conláistí nádúrtha agus áineasa an bhaile a chosaint chun leasa áitritheoirí agus turasóirí araon, fad is atá forbairt inbhuanaithe An Daingin mar mhórionad turasóireachta á éascú.

Tá an soláthar de bhonneagar conláiste agus saoráidí ag brath ar Scéim Fhorlíontach do Ranníocaíochtaí Forbartha, de réir Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, a nglacfaidh baill thofa Chomhairle Contae Chiarraí leis ar leithligh.

Uimhir Chuspóra	Conláistí
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
A-1	Leanúint de bheith ag cur an mhuiríne chun cinn mar mhóracmhainn chun leasa mhuintir an bhaile agus turasóirí araon.
A-2	Forbairt limistéar an chalaidh a éascú agus a dhreach a fheabhsú, soláthar troscán sráide oiriúnach, agus limistéir pháirceála feabhsaithe san áireamh.
A-3	Leanúint de bheith ag caomhnú agus ag cothabháil Pháirc an Bhaile (Páirc Uí Dhónaill), agus bealaí breise rochtana chuige le haghaidh coisithe a lorg.
A-4	Forbairt ionad pobail, a bhfuil áiseanna spóirt ann, a éascú laistigh den bhaile.
A-5	An siúlán ar feadh an éadain le farraige ón Tigh Bád ag Cúilín go dtí Tigh an Roicéid, an Tigh Solais agus Binn Bán a chaomhnú.
A-6	Féachaint le hacmhainní uile an bhaile, acmhainní cultúir, fisiceacha agus timpeallachta a thabhairt le chéile ina 'gConair Oidhreachta' léirshainithe a bhfuil comharthaíocht ag gabháil léi.
A-7	Forbairt Amharclainne a éascú
A-8	Féachaint le fad a chur leis an bpromanáid ón Muiríne go dtí an cé thuaidh agus ar aghaidh go Cúilín.
A-9	An pháirc líneach ar feadh abhainn an Mheal ó Bhóthar an Spá go dtí an fharraige, agus ar feadh an éadain le farraige ó Chúilín go dtí Tigh an Roicéid, a chaomhnú.

1.4 Dearadh Uirbeach agus Oidhreacht Thógtha

Dearadh Uirbeach

Feabhsaíonn dea-dhearadh uirbeach nithe a ghabhann i bhfeidhm ar cháilíocht saoil, agus is féidir leis na coinníollacha fisiceacha a chruthú a ghineann athbheochaint eacnamaíoch.

Mar spásanna oscailte, soláthraíonn na sráideanna an 'téama', agus laistiar díobh san faightear lánaí agus clóis bheaga a thugann a charachtar ar leith don Daingean. Léirítear carachtar an bhaile, ach go háirithe, sa chnuas dlúth d'fhoirgnimh aníos ón éadan le huisce.

Ba chóir go gcuirfeadh aon fhorbairt nua le comhthéacs amhairc, sóisialta, feidhme agus timpeallachta an tsuímh agus an bhaile i gcoitinne. Ba chóir go neartódh dearadh na gnéithe as a n-éiríonn féiniúlacht áitiúil limistéir. I limistéir ina bhfuil droch-cháilíocht ailtireachta, ba chóir go gcuirfeadh moltaí le huasghrádú charachtar na sráid-dreiche.

Is é is dearadh uirbeach ann an próiseas trína múnlaítear an timpeallacht fhisiceach chun leasa an tsaoil a chaitear i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte. Is ionann é agus an ealaín a bhaineann le háit a chruthú. Baineann sé le dearadh foirgneamh, grúpaí foirgneamh, spásanna agus tírdhreacha, agus na próisis a bhunú a chinntíonn forbairt a bhfuil bailchríoch uirthi. Riachtanas is ea an dearadh uirbeach chun féiniúlacht phobail a chruthú, agus chun áiteanna a chruthú a n-éiríonn leo go sóisialta agus go heacnamaíoch, áiteanna gur fiú cónaí iontu, agus atá taitneamhach le cuairt a thabhairt orthu. Pleanáil éifeachtach is ea é seo sa bhrí is leithne, agus is féidir leis a bheith ina chúnamh ó thaobh sheirbhísí poiblí níos fearr a sheachadadh. An dúshlán ná áit a chruthú a úsáidfidh réimse leathan de dhaoine éagsúla le taitneamh ar mhaithe lena n-aidhmeanna éagsúla, inniu agus sna blianta amach romhainn.

Cur chuige ildisciplíneach a úsáid ó thús an tionscadail, sin an eochair maidir le dea-dhearadh uirbeach. Is é a thagann i

gceist, ailtirí tírdhreiche, pleanálaithe, ailtirí agus innealltóirí ag obair i gcomhar agus ag comhphleanáil, chun forbraíocht shábhálta thaitneamhach fheidhmiúil a chur ar fáil, forbraíocht a bhaineann tairbhe as buntáistí an tsuímh, a réitíonn le carachtar an cheantair mórthimpeall uirthi, agus forbraíocht a bhfuil blas na háite, féiniúlacht agus carachtar ag baint léi.

Ó thús an phróisis phleanála agus dearaidh, ba chóir go mbeadh an tAiltire Tírdhreiche bainteach le hanailís a dhéanamh ar shuíomhanna ar mhaithe len iad a thuiscint, in ionad é a bheith á bhreith isteach déanach sa phróiseas chun foirgnimh ghránna a cheilt le roinnt fásra. Mar an gcéanna, ba chóir d'innealltóirí bóthar a gcuid scileanna a úsáid chun áiteanna a bhfuil sé taitneamhach a bheith iontu agus taitneamhach siúl tríothu a chruthú, seachas díriú go hiomlán ar an trácht a choimeád ag gluaiseacht. Tá dearadh an spáis oscailte, a fheidhmiúlacht agus a cháilíocht, criticiúil. Nuair atá an spás oscailte seo deartha agus sonraithe i gceart, is féidir na struchtúir ag a mbeidh sé iata a fheiscint níos fearr ina gcomhthéacs, agus iad a dhearadh mar is cuí.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás Pleanála, le linn dó an dea-dhearadh á chur chun cinn i mbaile an Daingin, brath níos lú ar chaighdeáin fhorordaithe agus moltaí forbartha a mheas ar a bhfiúntas dearaidh féin. Chun an aidhm seo a chur ar aghaidh, tá sé ar intinn ag an údarás pleanála go gcuirfí Ráitis Dearaidh Uirbigh le hiarratais forbartha laistigh den bhaile. Baineann gach forbraíocht ón Timpeallacht Uirbeach nó cuireann sí léi, agus cé go mbrathfaidh mionsonraí na Ráiteas Dearaidh Uirbigh ar mhéid na bhforbraíochtaí a bhíonn molta, ba chóir go mbeadh ráiteas dearaidh le gach iarratas, móide anailís ar an suíomh agus measúnú dearaidh.

Cuspóir	Dearadh Uirbeach
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
UD-1	A chinntiú go soláthraítear timpeallacht uirbeach ar ard-cháilíocht ar fud bhaile an Daingin.
UD-2	Ráitis Dearaidh Uirbigh a éileamh le haghaidh forbraíochtaí móra nó suntasacha laistigh den bhaile..
UD-3	A éileamh go mbeadh ráiteas dearaidh le gach iarratas forbartha nua.

Ba chóir do Ráitis Dearaidh Uirbigh díriú ar na ceisteanna seo leanas

Comhthéacs Suímh/ Suíomhanalaís
- Comhthéacs i gcoibhneas le limistéar uirbeach atá ann
- Mapáil
- Topagrafaíocht
- Fásra
- Seirbhísí
- Gnéithe Suímh
- Treoshuíomh
- Forbraíochtaí in aice leis
- Forálacha Criosaithe Talún
- Soláthar Conláistí
- Luach Aeistéitiúil

Fís Dearaidh Fhoriomlán
- Cad is príomhchuspóir don bhforbraíocht?
- Cén coibhneas a bheidh aici leis an mbaile?
- Conas a chuirfidh an fhorbraíocht leis an mbaile?
- Bhfuil Inbhuanaitheacht Timpeallachta san áireamh?
- Cad iad a hAidhmeanna Cathartha?
- An bhfreastalófar ar riachtanais na n-áititheoirí?
- An mbeidh carachtar ar leith aici agus blas áite ar leith?
- Soláthar Conláistí
- Luach Aeistéitiúil

Cuspóirí dearaidh
- Láthair agus dlús cuí
- Fad ó lár an bhaile
- Comhtháthú
- Blas áite ar leith
- Pobal/ Comharsanacht

Cuspóirí Ailtireachta
- Géilleadh don Scála agus Carachtar atá ann cheana
- Comhtháthú
- Comhréir
- Éadanais ghníomhacha sráide
- Mionsonraíocht agus Bailchríocha

Dearadh Inbhuanaithe
- Soláthar d'iompar uirbeach
- Solas na gréine a uasmhéadú
- Téamh
- Dearadh

Cuspóirí Tírdhreiche
- Fís Fhoriomlán Tírdhreiche
- Tírdhreachú Crua
- Ábhair / troscán
- Tréscaoilteacht agus Inrochtaine
- Carachtar
- Sábháilteacht
- Diméin Phoiblí/ Teorainn Phríobháideach

Diméin Phoiblí
- Dearadh an Spáis Oscailte
- Tréscaoilteacht
- Rochtain do choisithe, rothair agus d'fheithiclí
- Úsáidí
- Achar chun bualadh le chéile/ chun cúrsaíochta
- Achar áineasa éighníomhaigh
- Achar do spórt gníomhach
- Comhúsáid
- Oiriúnach le húsáid an bhliain go léir
- Sábháilteacht
- Úinéireacht
- Teorainn shoiléir phoiblí/ phríobháideach

Ba chóir d'iarratais a thaispeáint conas mar a chomhlíonann an fhorbraíocht atá molta cuspóirí dearaidh an Ráitis Dhearaidh Uirbigh.

Uimhir Chuspóra	Oidhreacht Thógtha
	Is cuspóir de chuid na Comhairle é
BH-1	Caighdeán ard dearadh ailtireachta a chothú ar fud an bhaile, a chuirfidh le cáilíocht an hoidhreachta tógtha, agus a chuirfidh le mealltacht an bhaile.
BH-2	Na sráid-dreacha atá ann faoi láthair ar an mbaile a chosaint ar fhorbairt mhíchuí, a d'athródh a gcarachtar ar leith.
BH-3	Forálacha reachtúla an Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 a úsáid, áit ar chuí, chun deireadh a chur le fadhb na láithreán sin.

BH-4	Forbairt sráid-dreacha ar feadh tuaisceart agus deisceart Bhóthar an Iarainn a éascú.

Suíomhanna Deise

1. Suíomh ar an gCé Thuaidh.
2. Suíomh in Imleach an Daingin
3. Suíomh i bhFearann na Cille, lastuaidh de Shráid na Trá.
4. Suíomh na Coille, in aice le Timpeallán Bhaile an Mhuilinn.
5. Suíomh oscailte ag gabhal Ionad na bPoll/ Sráid an Droichid.
6. Suíomh ag an mBaile Beag.
7. Éadanas bóthair taobh thuaidh de Bhóthar an Iarainn.
8. Suíomh ag an gCeapaigh.
9. Suíomh an Iar-Bhádchlóis.

Sonraítear suíomh deise anseo mar shuíomh atá tábhachtach ó thaobh amhairc nó feidhme de, agus áit a mbeadh tionchar uasta ag dea-dhearadh uirbeach ar dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch an bhaile.

Suíomh 1. Láithreán ar an gCé Thuaidh

I gcás fhorbairt an láithreáin ar leith seo cois uisce, beidh gá le ráiteas dearaidh uirbigh mhionsonraithe, a dhéileáilfidh le carachtar agus le suíomh straitéiseach an láithreáin, a íogaire is atá sé, an gá atá le rochtain phoiblí a shlánú, gan bac a chur ar an radharc, agus bealach isteach is amach a bheith ag coisithe. Is gá chomh maith go mbeadh tograí forbartha ar ardchaighdeán dearaidh ó thaobh ailtireachta agus go gcuirfidís leis an diméin phoiblí.

Suíomh 2 - Imleach an Daingin

Tá an suíomh seo criosaithe mar 'lárbhaile'. Déanfar soláthar rochtana in aon leagan amach forbartha d'fheithiclí agus coisithe go dtí Páirc Ghnó Chúilín; úsáideann coisithe an bealach rochtana ansin faoi láthair chomh maith chun dul go dtí an siúlán conláiste ón gCúilín ar feadh éadanas na farraige go dtí Tigh an Roicéid agus níos faide.
Láthair shuntasach is ea an suíomh seo ag an mbealach isteach ar an mbaile, agus tá sé lántábhachtach ó thaobh dea-íomhá de, agus bealach taitneamhach isteach a chothú, go mbeadh an ailtireacht ar ardchaighdeán agus ag teacht leis an sórt forbartha atá seanbhunaithe ar fud an bhaile.

Suíomh 3 - Fearann na Cille lastuaidh de Shráid na Trá

Tá sé indéanta roinnt lánaí ar Shráid na Trá a mhéadú chun forbraíochtaí nua tithíochta a aontú leis an bhfabraic uirbeach ar bhealach tuisceanach, tríd an bpatrún seanbhunaithe de thithíocht shraithe chéimnithe a úsáid, nó teachíní saoire a thógáil mórthimpeall na gclós, istigh ón ngréasán nua sráide.
Ullmhófar Plean Gníomhaíochta Limistéir chun acmhainn forbartha an tsuímh seo a uastú, ar mhaithe le leas eacnamaíoch, fisiceach agus sóisialta an Daingin.

Suíomh 4 - Suíomh in aice le Timpeallán Bhaile an Mhuilinn ag An Choill.

Is suíomh suntasach ó thaobh amhairc é seo, ach go háirithe agus duine ag teacht i dtreo an Daingin ó Cheann Trá. Beidh an dlús cónaithe mar an gcéanna le forbraíochtaí ina aice leis. Maidir le dearadh, leagan amach agus cáilíocht ábhar, is cóir topagrafaíocht, éifeacht ar an radharc, agus saintréithe an tsuímh ag an láthair shuntasach seo a bheith curtha san áireamh. Is cóir ráiteas cuimsitheach dearaidh uirbigh a bheith le togra forbartha ar bith.

Suíomh 5 - Suíomh oscailte ag gabhal Ionad na bPoll/ Sráid an Droichid.

Ag cur an soláthar breise do charrpháirceáil san áireamh, níl gá a thuilleadh le páirceáil seachsráide in Ionad na bPoll. Tá sé i gceist an limistéar seo a thabhairt ar ais mar a bhí ina chuid d'fhabraic an bhaile, trína fhorbairt mar spás taitneamhach uirbeach. Caithfidh tírdhreachadh an limistéir seo a bheith ar chaighdeán an-ard.

Suíomh 6 - Suíomh ag an mBaile Beag.

Ullmhófar Plean Gníomhaíochta Limistéir chun acmhainn forbartha an tsuímh seo a uastú, ar mhaithe le leas eacnamaíoch, fisiceach agus sóisialta an Daingin, le cúnamh dearadh ar ardcháilíocht, móide spás oscailte agus saoráidí conláiste.

Suíomh 7 - Éadanas bóthair taobh thuaidh de Bhóthar an Iarainn.

Forbrófar sráid-dreach anseo a bhfuil a aghaidh ar Bhóthar an Iarainn. Beidh dearadh, scóip agus toirt na forbraíochta seo traidisiúnta ó thaobh foirme, agus beifear in ann urlár na talún a chur chun tairbhe úsáidí miondíola.

Suíomh 8 - Suíomh ag an gCeapaigh.

Ullmhófar Plean Gníomhaíochta Limistéir chun acmhainn forbartha an tsuímh seo a uastú, ar mhaithe le leas eacnamaíoch, fisiceach agus sóisialta an Daingin,

Suíomh 9 – Suíomh an Iar-Bhádchlóis

Tá sé ar aigne go bhforbrófaí an láthair shuntasach seo chun leasa phobal an Daingin. Is cóir togra ar bith a bheith ar ardcháilíocht dearaidh, ag comhtháthú lena shuíomh ar an éadan le huisce agus ag cur leis an diméin phoiblí. Déanfar soláthar do rochtain feithiclí ar an taobh theas (éadanas uisce) den láithreán seo, ón bpiara go dtí an cé thuaidh, i dtreo gur féidir le trácht a bhaineann le gníomhaíocht an chalafoirt taisteal ó cheann amháin go dtí an ceann eile gan dul ar Shráid na Trá, ag maolú ar an mbrú tráchta dá réir.

Oidhreacht Thógtha

Trína oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta cuireann baile a oidhreacht shóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha in iúl. Earra tráchtála is ea é chomh maith, a mheallann turasóirí agus cuairteoirí áitiúla chun seirbhísí agus saoráidí a úsáid. Mar sin, ar chúiseanna staire, sóisialta agus eacnamaíocha, is aidhm don Údarás Pleanála oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta an bhaile a chosaint.

Chun suíomhanna tréigthe a sheachaint agus úsáid acmhainní a uastú, tá an tÚdaras Pleanála tiomnaithe d'fhoirgnimh stairiúla agus sráid-dreacha a fhorbairt, ar bhealach a chuireann in oiriúint iad do riachtanais na haoise nua. Éascóidh an tÚdarás Pleanála forbairt struchtúir faoi chosaint agus sráid-dreacha chun uas-tairbhe a n-úsáide, ach ar bhealach a chaomhnaíonn a luach ailtireachta agus staire.

Cuspóirí Dearadh Uirbeach	Oidhreacht Thógtha
BH-5	Is cuspóir de chuid na Comhairle é a chuid feidhmeanna a úsáid ar mhaithe le cur chuige cothram i leith chothabháil agus forbairt na hoidhreachta ailtireachta. Cuirfear san áireamh cáilíochtaí an chomhthéacs ailtireachta mar atá, maraon le sábháilteacht, compord agus riachtanais úsáide sa nua-aois.
BH-6	Is cuspóir de chuid an phlean é go mbeadh an talamh i ngar don Bhóthar Faoisimh atá molta ina sráid-dhreach thaitneamhach, a réitíonn leis an gcarachtar uirbeach mar atá.

The Struchtúir faoi Chosaint

Tugann Taifead na Struchtúr faoi Chosaint cosaint speisialta do struchtúr ar ábhar suime ar leith iad ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, agus ón taobh sóisialta agus teicneolaíochta. Laistigh de theorainn bhaile An Daingin tá 21 struchtúr atá áirithe ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint. Tá liosta de na struchtúir seo ar Aguisín A, in imleabhar 2 den phlean seo, agus léirítear iad ar Léarscáil 4.

Agus an plean seo á ullmhú, aithníodh trí bhíthin mionsuirbhé ailtireachta 33 struchtúr eile (foirgnimh agus troscán sráide) ar leor a bhfiúntas le go ndéanfaí a meas féachaint ar chóir iad a áireamh ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint. Tá liosta de na struchtúir atá molta ar Aguisín B, agus léirítear iad ar léarscáil 4. Breithneofar ar chóir na foirgnimh seo a áireamh ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint de réir na nósanna imeachta a shonraítear san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Tá sé i gceist go n-áireofaí míreanna de throscán sráide déanta d'iarann teilgthe agus an Cuaille Ceárta mar struchtúir a mholtar a chosaint, ach níl sé i gceist nach bhféadfaí iad a bhogadh go logánta, chun go mba éasca de a fhorbrófaí an áit ina bhfuil siad. Más gá iad a bhogadh, tá sé i gceist go mbeidís fós le feiscint go soiléir, go mbeadh teacht orthu, agus áit is féidir go mbeidís inúsáidte arís.

Cuspóirí Dearadh Uirbeach	Struchtúir faoi Chosaint Is cuspóir de chuid na Comhairle é to
PS-1	Na struchtúir atá aitheanta in aguisín B agus léirithe ar Léarscáil 4 a bheith áirithe ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint.
PS-2	Struchtúir atá áirithe ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint, nó go bhfuil sé molta go ndéanfaí iad a áireamh air, a chosaint agus a fheabhsú, trína iarraidh: ▪ Nach leagfaí aon fhoirgneamh dá leithéid. ▪ Nach ndéanfadh cothabháil, athrú, fairsingiú, athchur ná cur isteach aon ghné nó gnéithe, cuid nó codanna suntasacha i struchtúr atá faoi chosaint dochar do charachtar an struchtúir. ▪ Go gcuirfí forbairt i gcrích agus a dhearadh go tuisceanach, ar bhealach a chuireann carachtar ailtireachta an struchtúir agus a shuíomh san áireamh. ▪ Nach ndéanfadh tógáil aon struchtúr in aice, nó i gcomharsanacht, struchtúir faoi chosaint dochar do charachtar an struchtúir faoi chosaint ná an t-ionad ina bhfuil sé, agus go ndéanfaí é a shuíomh agus a dhearadh i dtiúin le carachtar an struchtúir faoi chosaint agus a ionad. ▪ Féachfaidh an tÚdarás Pleanála chuige go gcoimeádtar agus go gcaomhnaítear gnéithe ar leith ar díol ar leith suime iad. ▪ Úsáidfidh an tÚdarás Pleanála a chuid cumhachtaí reachtúla lena chinntiú go gcoimeádtar struchtúir faoi chosaint in ord maith.

Séadchomharthaí ar Taifead

Is séadchomharthaí iad seo atá áirithe ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, agus tugtar cosaint speisialta dóibh. Tá an liosta díobh ar Aguisín C agus tá siad léirithe ar Léarscáil 4. Nótáil go bhfuil cuid mhaith de lár bhaile an Daingin ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna.

Cuspóirí Dearaidh Uirbigh	Séadchomharthaí ar Taifead Is cuspóir de chuid na Comhairle é
RM-1	A chinntiú go gcaomhnaítear gach séadchomhartha seandálaíochta atá ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, mar a liostaítear ar Aguisín C.
RM-2	Aird a thabhairt ar mholtaí na Seirbhíse Oidhreachta, Mhúsaem Náisiúnta na hÉireann agus gníomhaireachtaí reachtúla eile le linn a cuid feidhmeanna rialaithe forbartha a bheith á bhfeidhmiú ag an gComhairle.
RM-3	Aird a thabhairt ar chomhairle agus moltaí an tSeandálaí Chontae maidir le séadchomharthaí agus gnéithe nach bhfuil liostáltha ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna faoi láthair.

Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta

Aithnítear i Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta (LCA / ACA) go mbraitheann luach limistéir stairiúil ar níos mó ná cáilíocht, scála, ábhar agus mionsonraí foirgintí ar leith. Múnlaíonn an leagan amach, agus an radharc ar feadh na sráideanna agus idir na foirgnimh é chomh maith. Soláthraíonn aghaidh na siopaí, troscán sráide agus dromchla crua nó bog léargas ar charachtar stairiúil an limistéir chomh maith. Dá réir sin, an aidhm atá le Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta ná sráid-dreacha iomlána a chaomhnú, maraon leis na foirgnimh átá iontu.

Tá tábhacht staire agus timpeallachta le lár bhaile an Daingin, agus is acmhainn eacnamaíoch é mar dhíol suime turasóireachta agus conláiste. Chun an acmhainn seo a chosaint, moltar limistéar amháin nó níos mó de bhaile an Daingin á aireamh mar Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta le linn thréimhse an phlean.

Léirítear na Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta/ Sráid-dreacha atá molta don Daingean ar Léarscáil 4.

Cuspóirí Dearadh Uirbeach	Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta Is cuspóir de chuid na Comhairle é
AC-1	le linn thréimhse an phlean, limistéar nó limistéir ar an mbaile a shonrú mar Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta, de réir fhorálacha ab Achta um Pleanáil agus Forbairt 2002, agus na treoirlínte reachtúla maidir le sonrú a dhéanamh, atá eisithe ag an tSeirbhís Oidhreachta.
AC-2	Is cuspóir de chuid na Comhairle é, go neartódh forbairt nua i lár an bhaile ionannas áitiúil agus réigiúnach an bhaile, trí ghnéithe dúchasacha ailtireachta de thraidisiúin tógála an bhaile a ghlacadh chuici. Cuimseoidh seo línte tógála na gcosán, fuinneoga dronuilleogacha saise, agus gnáth-rindreálacha plástair agus obair mhaisiúcháin i bplástar mar is cuí.

1.5 Criosú -

Réamhrá -

Criosaíodh talamh chun forbairt a éascú thar thréimhse 6 bliana an phlean agus sin an méid. Bunaíodh meastachán ar na riachtanais talún thar thréimhse an phlean ar anailís ar fheidhmeanna an bhaile, agus straitéis an phlean an baile a fhorbairt mar lárionad dúiche d'ord ard. Tá na forálacha criosaithe dírithe ar fhoirm dhlúth inbhuanaithe a aimsiú agus ar an úsáid is mó a bhaint as an mbonneagar sóisialta agus fisiceach.

I gcás tailte a criosaíodh in aice leis an mbealach a thaispeántar don bhóthar faoisimh atá molta, measfar a gcriosú-san a bheith ag síneadh chomh fada le teorainn na tógála talún don bhóthar faoisimh chomh luath is atá an tógáil talún seo socair.

Cónaithe

Cúspóir an phlean seo ná go leanfadh na limistéir seo de bheith ina limistéir chónaithe go príomha, agus nach gceadófaí ach an fhorbairt sin a réitíonn lena gconláiste cónaithe a chaomhnú agus a fheabhsú.

Lár an Bhaile

I lár an bhaile ceadófar raon úsáidí, ina measc miondíol, tráchtáil, miontionscail, tithíocht chónaithe agus oifigí a fhreastalaíonn go díreach ar an bpobal, áit nach ndeineann siad dochar do charachtar lár an bhaile, agus áit a gcloíonn siad le polasaithe agus caighdeáin forbartha Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2003 - 2009.

Tionscal Éadrom

Breithneofar raon d'úsáidí tionsclaíocha éadroma.

Breithneofar seirbhísí mar cheardlanna carrdheisiúcháin, a mbíonn tionchar mar a bheadh ag tionscal éadrom ar an timpeallacht acu, laistigh den limistéar nuair atá siad ar scála a dhéanfadh neamhoiriúnach iad i gceantar tráchtála nó úsáide measctha.

Ní cheadófar tionscail speisialta nach bhfuil oiriúnach do limistéir uirbeacha, toisc a bpróisis dochracha nó dainséaracha (m.s., fothram, boladh nó truailliú).

Páirceanna Gnó

Baineann raon fairsing gníomhaíochta leis an Tionscal Gnó / Oifige, ó chomhlachtaí teilidhíolacháin agus ríomhchláraitheoireachta go dtí ceanncheathrúna comhlachta etc.=. Is gnónna glana neamhthruaillitheacha iad, a chuireann táirge ar fáil ach nach bhfreastalaíonn go díreach ar an bpobal. Is minic gur oifigí iad, comhlachtaí eolas-bhunaithe nó cumarsáide. Ní cheadófar forbraíochtaí nach bhfuil gaol díreach acu le húsáidí gnó / fiontair, mar shampla, úsáidí tionsclaíocha, miondíola nó tithíochta.

Forbairt - Úsáid Mheasctha

Ar thalamh a chriosaítear d'úsáid mheasctha, ceadófar a húsáid do mhiondíol, d'oifigí, d'áineas, do thurasóireacht agus tithíocht. Ní cóir go gclúdódh gné na tithíochta níos mó ná 70% d'achar an tsuímh, chun go gcoimeádfaí talamh le haghaidh úsáidí eile.

Chun dea-dhearadh uirbeach a chur chun cinn, seolfar isteach achoimre forbraíochta i gcás forbraíochtaí úsáide measctha roimh comhchainteanna réamhphleanála. Pléifidh an achoimre seo, *inter alia*, le foirm, scála, spás oscailte, bealaí gluaiseachta agus comhtháthú leis an limistéar lárbhaile.

Saoráidí Institiúide agus Pobail

Ceadófar saoráidí pobail, scoileanna, eaglaisí agus ospidéil maraon lena gcuid tailte gaolmhara de ghnáth. Breithneofar úsáidí teoranta a bhaineann le tithíocht agus gnó, áit is féidir déileáil leo sa chrios céanna gan dochar d'úsáid agus d'acmhainn bhunúsach phobail an chreasa. Ní cheadófar úsáidí gnó ach sa chás go bhfuil a bhfeidhm gaolmhar agus coimhdeach do shaoráidí pobail. Cuspóir an chreasa seo ná saoráidí agus conláistí pobail a chosaint agus soláthar dá bhforbairt.

Conláistí

Is d'úsáidí conláiste amháin an crios seo, agus ina measc san páirceanna imeartha a sholáthar, páirceanna baile, clóis súgartha do pháistí, agus saoráidí fóillíochta faoi dhíon mar chlubthithe, agus saoráidí traenála agus iomaíochta. Ní cheadófar úsáidí neamhghaolmhara, mar shiopaí agus tithe. Breithneofar forbairt na bhfoirgneamh áineasa agus carrchlóis atá riachtanach d'úsáid an chonláiste. Ní bhainfidh na húsáidí seo, ámh, den phríomhúsáid chonláiste.

Aithníodh cumas an Daingin forbairt mar ionad turasóireachta allamuigh. Chun tacú le forbairt an tsaghas seo turasóireachta, breithneofar moltaí i leith ionaid agus saoráidí spóirt ar shuíomhanna cuí, áit a réitíonn siad le caighdeáin forbartha Plean Forbartha an Chontae.

Maitrís um Chriosú

Soláthraíonn an mhaitrís chreasaithe treoirlíne maidir le húsáidí 'ceadaithe' agus neamhcheadaithe' i ngach crios. Sa tábla seo, tá an léirmhíniú seo leanas i bhfeidhm:

Eochair:	/	- Úsáidí a cheadaítear de ghnáth
	O	- Úsáidí a bhreithneofar
	X	- Úsáidí neamhcheadaithe

Ciallaíonn 'Úsáidí a Bhreithneofar' nach ndéantar talamh slán de ar aon tslí sa phlean go mbeidh an úsáid a mholtar inghlactha laistigh den chrios ainmnithe áirithe. Measfar iarratais ar a bhfiúntas féin, agus bainfidh tionchar an mholadh ar fhorbairt fhoriomlán an limistéir, agus ar na sealúchais in aice láimhe, le hábhar in aon mheasúnú a dhéanfar.

Maitrís um Chriosú

Eochair: / - Úsáidí a cheadaítear de ghnáth
O - Úsáidí a bhreithneofar
X - Úsáidí neamhcheadaithe

CRIOS / *ZONE*	Cónaithe	Lár-Bhaile	Úsáid Mheasctha	Tionscal	Tionscal Éadrom	Trádstóráis Mhiondíola	Páirc Ghnó/Oifige	Conláistí Ginearálta	Talmhaíocht
Cónaithe	/	O	O	X	X	X	X	X	X
Garáistí Príobháideacha	/	O	O	X	X	X	X	X	X
Spás Oscailte	/	/	/	O	O	O	O	/	/
Suiteálacha Seirbhíse Poiblí	/	/	/	/	/	X	X	O	O
Carrchlóis	X	/	/	/	O	X	/	O	O
Oideachasúil / Scoileanna	/	O	/	X	X	X	X	X	X
Ionaid Adhartha Poiblí	O	/	/	X	X	X	X	X	X
Institiúid Chónaithe	/	O	O	X	X	X	X	X	X
Comhairligh Mhíochaine agus Ghaolmhara	O	/	/	X	X	X	X	X	X
Ionaid Sláinte/ Clinicí	O	/	/	X	X	X	O	X	X
Tithe Altranais/ Ospidéil	O	O	O	X	X	X	X	X	X
Hallaí Pobail	O	/	/	X	X	X	X	O	X
Foirgnimh Áineasa	O	/	/	O	X	X	O	O	X
Clubanna Spóirt	O	/	/	O	X	X	O	O	O
Clubanna (Príobháideacha)	O	/	/	O	X	X	O	X	X
Foirgnimh Chultúir & Úsáidí Gaolmhara	O	/	/	X	X	X	X	O	X
Tithe Aíochta	O	O	O	X	X	X	X	X	O
Óstáin	X	O	O	X	X	X	X	X	X
Páirceanna Carabhán & Campála	X	X	X	X	X	X	X	X	O
Bialanna	O	/	/	X	X	X	X	X	X
Tábhairní	O	/	/	X	X	X	X	X	X
Pictiúrlanna/ Amharclanna	X	/	/	X	X	X	X	X	X

Eochair: / - Úsáidí a cheadaítear de ghnáth
O - Úsáidí a bhreithneofar
X - Úsáidí neamhcheadaithe

CRIOS / *ZONE*	Cónaithe	Lár-Bhaile	Úsáid Mheasctha	Tionscal	Tionscal Éadrom	Trádstóráis Mhiondíola	Páirc Ghnó/ Oifige	Conláistí Ginearálta	Talmhaíocht
Hallaí Rince/ Dioscónna	X	O	O	X	X	X	X	X	X
Clubanna Oíche	X	O	O	X	X	X	X	X	X
Stuaraí Siamsaíochta	X	O	O	X	X	X	X	X	X
Siopaí	O	/	/	X	X	X	X	X	X
Mórdhíol/ Íoc is Iompair	X	X	X	X	O	X	X	X	X
Oifigí	X	/	/	X	X	X	/	X	X
Teilidhíol/ Lárionad glaonna	X	O	X	X	X	X	/	X	X
Bainc	X	/	/	X	X	X	O	X	X
Stáisiúin Díolta Peitril	X	X	O	X	X	X	X	X	X
Garáistí Deisiúcháin/ Ceardlanna	X	X	O	X	O	O	X	X	X
Ionaid Charr-dhíolacháin	X	X	O	X	X	O	X	X	X
Talmhaíocht: Tionscail & Seirbhísí Ghaolmhara	X	X	X	O	/	X	X	X	X
Páirceanna Tromfheithiclí Tráchtála	X	X	X		O	X	X	X	X
Trádstórais/ Iostaí Stórála Earraí	X	X	X	O	O	O	X	X	X
Tionscal - Éadrom	X	O	O	O	/	X	X	X	X
Tionscal - Ginearálta	X	X	X	X	O	X	X	X	X
Tionscal - Speisialta	X	X	X	X	X	X	X	X	X
Comharthaí/ Struchtúir Fógraíochta	X	O	O	O	O	O	O	X	X
Marglann Eallaigh	X	X	X	O	X	X	X	X	O
Scioból Féir	X	X	X	X	X	X	X	X	/
Beir Leat/ Mearbhia	X	O	O	X	X	X	X	X	X

AGUISÍN A – Struchtúir faoi Chosaint faoi láthair

(léirithe ar Léarscáil 4)

1. Tagairt na Comhairle 21400617 Iar-Fhoirgneamh Scoile, An Meal.
2. Tagairt na Comhairle 21400611 Tigh Sraithe, Sráid an Droichid.
3. Tagairt na Comhairle 21400612 Foirgneamh Sraithe, Sráid na Trá.
4. Tagairt na Comhairle 21400619 Tigh Leathscoite, Sráid na Trá.
5. Tagairt na Comhairle 21400613 Tigh Scoite, Sráid an Doirín.
6. Tagairt na Comhairle 22400614 Saor-Leabharlann Carnegie an Daingin, Sráid an Doirín.
7. Tagairt na Comhairle 21400615 Eaglais Naomh Muire, Sráid an Doirín.
8. Tagairt na Comhairle 21400616 Clochar na Toirbhirte, Sráid an Doirín.
9. Tagairt na Comhairle 21400601 Halla Ólséanta, An tSráid Mhór.
10. Tagairt na Comhairle 21400602 2 Tigh Sraithe, The Global Village, An tSráid Mhór.
11. Tagairt na Comhairle 21400609 Ollmhargadh Centra, Tigh Sraithe, An tSráid Mhór.
12. Tagairt na Comhairle 21400608 Tigh Sraithe, An tSráid Mhór.
13. Tagairt na Comhairle 21400607 Tigh Sraithe, An tSráid Mhór.
14. Tagairt na Comhairle RPS 053-001 An Seanstáisiún Traenach, An Fearann.
15. Tagairt na Comhairle 21400605 Ostán Benner's, An tSráid Mhór/ Lána Benner's.
16. Tagairt na Comhairle 21400604 Commodum/Al's - Siopa Gruaige, An tSráid Mhór.
17. Tagairt na Comhairle 21400621 Droichead, An tSráid Mhór.
18. Tagairt na Comhairle 21400618 Tigh Sraithe, Sráid Eoin.
19. Tagairt na Comhairle RPS 043-003 Tigh Sraithe, M. Neilligan, An tSráid Mhór.
20. Tagairt na Comhairle 21400610 Eaglais Naomh Séamas, Eaglais na hÉireann, An tSráid Mhór.
21. Tigh an Rísigh, Sráid an Doirín.

Aguisín B – Struchtúir a bhfuil sé molta iad a Chosaint

(léirithe ar Léarscáil 5)

22. Tigh ar an tSráid Mhór.
23. Tábhairne Dick Mack's, Sráid an Doirín.
24. Siopa Lisbeth Mulcahy, Sráid an Doirín.
25. Tigh De Staic, Sráid an Doirín
26. An Tigh Spáinneach, Sráid an Doirín.
27. Cábáin, Sráid an Dá Gheata.
28. Píobán Aeir d'Iarann Teilgthe, Sráid an Dá Gheata.
29. Tigh na Cúirte, An Meal.
30. Scoil na mBráithre Críostaí
31. Caidéal d'Iarann Teilgthe, An Meal.
32. Caidéal d'Iarann Teilgthe, An Fearann.
33. Cuaille Ceárta, Ionad na bPoll
34. Uimh. 1 Tigín, Imleach an Daingin.
35. Uimh. 2 Tigín, Imleach an Daingin.
36. Uimh. 3 Tigín, Imleach an Daingin.
37. Uimh. 4 Tigín, Imleach an Daingin.
38. Uimh. 5 Tigín, Imleach an Daingin.
39. Uimh. 6 Tigín, Imleach an Daingin.
40. Uimh. 7 Tigín, Imleach an Daingin.
41. Uimh. 8 Tigín, Imleach an Daingin.
42. Uimh. 9 Tigín, Imleach an Daingin.
43. Tigh Bád Gharda an Chósta, Imleach an Daingin.
44. Tigh an Roicéid.
45. Tábhairne Hannah Griffin, Sráid na Trá.
46. Tábhairne Michael Flahive, Sráid na Trá.
47. Caidéal d'Iarann Teilgthe, An Choill.
48. Siopa an Dearúid ag Droichead Bhaile an Mhuilinn.
49. Ospidéal
50. Píobán Aeir d'Iarann Teilgthe, Sráid na nGabhar.
51. Caidéal d'Iarann Teilgthe, Sráid na nGabhar.
52. Caidéal d'Iarann Teilgthe, Sráid na nGabhar.
53. Cábáin, Lána an tSéipéil.
54. Tigh Fearann na Cille.

PROPOSED RPS

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 22

LÁTHAIR:
Ainm: Teach
Seoladh: An tSráid Mhór
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Gróbh
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Sraithe / Cónaí
Additional Use Teach Tábhairne / Foirgneamh Poiblí / Áineas
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1800 - 1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá dhá stór, tógtha c. 1820. Díon claonta slinne. Doras tosaigh painéalta luath le léas os a chionn. Fuinneoga luatha saise adhmaid, cinn tosaigh b'fhéidir, ar an gcéad urlár agus ceann ar urlár na talún. Fuinneog taispeántais socair ghloine le barraí gloinnithe adhmaid ar thaobh amháin d'urlár na talún. Aghaidh péinteálta rindreálta, tógtha de spallaí is dóichí.

MEASTÓIREACHT: Is teach tábhachtach baile é seo a mhaireann againn ar ionad suntasach ar An tSráid Mhór. Tá méid eisceachtúil den bhfabraic ar an aghaidh slán fós, fuinneoga luatha saise adhmaid agus doras painéalta san áireamh. Ní rabhthas in ann dul isteach, ach de dhealramh tá cuid mhaith den bhfabraic istigh slán, staighre, siúinéireacht dorais agus fuinneoige, agus foirm an phlean san áireamh. Ar díol, Nollaig 2005.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 23

LÁTHAIR:
Ainm: Tábhairne Dick Mack
Seoladh: Sráid an Doirín
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Óil / Ósta / Tábhairne / Foirgneamh Poiblí
Úsáid Bhreise: Cónaí
In úsáid mar: Teach Óil / Ósta / Tábhairne / Foirgneamh Poiblí

DÁTA: 1890 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach tábhairne scoite ceithre bhá dhá stór, le cóiríocht chónaithe in airde, tógtha c. 1899. Díon claonta slinne. Fuinneoga saise adhmaid. Aghaidh ina dhá chuid, le doras painéalta adhmaid ar leith ar leataobh don chóiríocht chónaithe dhá bhá, agus fuinneoga taispeántais de ghloine shocair don siopa / tábhairne ar an taobh eile. Mionsonraí múnlaithe plástair ar choirnís aghaidh an tsiopa, leaca, mionsonraí cúinne agus mórthimpeall na bhfuinneog agus an dorais. Leatháin ar na geataí adhmaid le hobair strapa ó dheas. Bealach isteach do chlós an fhoirgnimh ó thuaidh. Dhá raon d'fhoirgintí sraithe seachtracha dhá stór sa chlós, ar féidir iad a áireamh mar chuid de chúirtealáiste an phríomhfhoirgnimh. Tá an taobh istigh slán don chuid is mó, beár agus siopa a bhíodh ann, in úsáid mar bheár anois, le cuntar adhmaid don bheár agus seilfeanna adhmaid. Tá spás na sean-chúlchistine ar oscailt don bheár anois chomh maith, tíleanna terracotta coimeádta fós, siúinéireacht admhaid agus simnéithe. Seanathair an úinéara reatha, máistir stáisiúin an Daingin a thóg an foirgneamh in 1899, dhíol sé bróga agus buataisí ó 1938, agus chuaigh athair an úinéara i mbun deisiúcháin leathair ó na 1960í.

MEASTÓIREACHT: Siopa agus tábhairne ón 19ú haois déanach atá slán cuid mhaith mhór, agus an chóiríocht chónaithe a ghabhann leis slán chomh maith. Mhair an méid seo de na gnéithe inmheánacha toisc é a bheith i seilbh agus in úsáid ag an gclann céanna, agus seo cuid dá thábhacht. Cothabháileadh an foirgneamh, an taobh istigh ach go háirithe go han-mhaith.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 24

LÁTHAIR:
Ainm: Lisbeth Mulcahy
Seoladh: Sráid an Doirín
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Sraithe / Cónaí
In úsáid mar: Cóir Mhiondíolacháin / Foirgneamh Poiblí / Tráchtála

DÁTA: 1800 - 1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe, trí bhá trí stór, ceann de phéire, tógtha c. 1820. Áirse charráiste don taobh ag dul isteach don chlós ar chúl ina bhfuil foirgnimh sheachtracha. Díon slinne claonta. Fuinneoga saise adhmaid níos déanaí ar an gcéad agus dara hurlár. Aghaidh an tsiopa níos déanaí. Tosach de spallaí cloiche rindreálta. Fabraic inmheánach thábhachtach a mhaireann fós ná staighre fiarlán admhaid le cuar-ráille láimhe mionsaothraithe, urláir chlár, doirse painéalta adhmaid agus comhlaí leis na fuinneoga. Maireann foirm bhunaidh an phlean tí fós ar an gcéad agus ar an dara hurlár, ach athraíodh an siopa ar leibhéal na talún de dhealramh. Aisfhilleadh dhá stór ar chúl.

MEASTÓIREACHT: Teach tábhachtach baile mhóir trí stór ó thús an 19ú haois a cothabháileadh go han-mhaith is ea an teach seo, ceann de phéire a bhfuil an staighre adhmaid agus siúinéireacht bhunaidh fós iontu, chomh maith leis na doirse agus comhlaí fuinneog. Tá an leagan amach céanna ar an gclós ar chúl ón tús, cé gur athraíodh an foirgneamh seachtrach dhá stór, atá in úsáid anois le haghaidh fíodóireachta.



UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 25

LÁTHAIR:
Ainm: de Staic, Seodóirí
Seoladh: Sráid an Doirín
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Sraithe / Cónaí
In úsáid mar: Cóir Mhiondíolacháin / Foirgneamh Poiblí / Tráchtála
Úsáid Bhreise: Bialann / Foirgneamh Poiblí / Áineas

DÁTA: 1800 - 1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe, trí bhá trí stór, ceann de phéire a tógadh c. 1820. Díon claonta slinne. Luathfhuinneoga saise adhmaid, d'fhéadfadh gurb iad na cinn bhunaidh iad, ar an gcéad agus dara hurlár. Baineadh an rindreáil den aghaidh, roinnt rindreála garbhtheilgthe fágtha ar an gcúl. Fabraic inmheánach thábhachtach a mhaireann fós ná staighre fiarlán admhaid, doirse painéalta adhmaid agus comhlaí leis na fuinneoga. Tá forleathnú mór nua-aoiseach aon stór ar chúl, a úsáidtear mar bhialann. Gairdín ar chúl.

MEASTÓIREACHT: Is teach tábhachtach baile mhóir é seo, ceann de phéire ina mhaireann fós staighrí agus siúinéireacht an-mhaith, doirse agus comhlaí fuinneog san áireamh, ó thús a laethanta. Tá gairdín fós ar a chúl. Is trua gur cailleadh an rindreáil ar an aghaidh thosaigh, agus is cóir úsáid rindreáil oiriúnach aoil air a spreagadh.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 26

LÁTHAIR:
Ainm: An Tigh Spáinneach
Seoladh: Sráid an Doirín
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Fearann na Cille
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Sraithe / Cónaí
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1800 - 1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH:

Teach sraithe trí bhá dhá stór, le cloch shnoite ar a bhfuil trí éan greanta sa bhfalla os cionn an dorais. Meastar go mbaineann an chloch leis an 16ú haois, agus le nascanna trádála an Daingin leis an Spáinn. Tá díon claonta slinne ar an teach, fallaí rindreálta agus fuinneoga socra adhmaid ar urlár na talún, agus fuinneoga saise adhmaid lastuas.

MEASTÓIREACHT:

Baineann tábhacht an tí seo lena scála ar an tsráid agus iomláine na n-ábhar tógála luatha ar a aghaidh, chomh maith leis an gcloch ghreanta níos luaithe fós atá curtha isteach sa bhfalla. De na trí cinn de thithe ar Shráid an Doirín a bhfuil clocha greanta den tréimhse sin orthu, tá an cuma air gurb é an ceann seo is iomláine díobh. Ní raibh teacht ar an taobh istigh.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 27

LÁTHAIR:
Ainm: 'River Lane'
Seoladh: Sráid an Dá Gheata
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín Ceann Tuí / Cónaí
In úsáid mar: Cóir Mhiondíolacháin / Foirgneamh Poiblí / Tráchtála

DÁTA: 1800 - 1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá, in úsáid mar shiopa anois. Is dócha gur cábán ceann tuí a bhí ann, agus gur tógadh é déanach san 18ú nó go luath sa 19ú haois. Tá miotal rocach ar dhíon an fhoirgnimh, spallaí cloch sna fallaí agus fuinneoga adhmaid nua-aoiseacha. Istigh tá iarta oscailte fós ag an mbinn agus bíomaí síleála níos déanaí, agus mar bhailchríoch fallaí péinteálta de spallaí cloch le feiscint. Maireann aghaidheanna de chábáin sraithe eile ar an dá thaobh de.

MEASTÓIREACHT:

Sampla is ea é seo den teach 'cábáin', a raibh go leor díobh ar thaobhshráideanna agus ar lánaí an Daingin san 18ú agus sa 19ú haois. Ceann den bheagán a mhaireann agus atá fós in úsáid is ea é seo, agus cuireann an comhthéacs, aghaidh na gcábán a bhí ina aice, lena thábhacht. Is féidir breathnú ar na fallaí ar an dá thaobh mar chuid de chúirtealáiste an fhoirgnimh.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 28

LÁTHAIR:
Ainm: Píobán aerála
Seoladh: Sráid an Dá Gheata
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Píobán aerála / Troscán Sráide
In úsáid mar:

DÁTA: 1850 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Píobán aerála péinteálta d'iarann teilgthe, c. 1870; níl in úsáid níos mó. Seafta cuislithe. Ceann cruinneachánach.

MEASTÓIREACHT: Ceann de cheithre phíobán aeraithe d'iarann teilgthe a mhaireann ar an mbaile. Tábhachtach mar ghné de shaintréithe stairiúla sráide Shráid an Dá Gheata.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 29

LÁTHAIR:
Ainm: Teach na Cúirte
Seoladh: An Meal
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Fearann
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Cúirte / Foirgneamh Poiblí / Riarachán
In úsáid mar:

DÁTA: 1840-1845

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach cúirte scoite, trí bhá dhá stór, tógtha in 1845 agus as úsáid anois. Bá cuasaithe láir, le céimeanna in airde go dtí bealach isteach chéad urláir, c. 1975. I dtosach báire bhí an bealach isteach ar chúl an fhoirgnimh trí stuabhealach cloiche. Gaineamhchloch eisléire atá sa bhfoirgneamh, síonídithe go dona in áiteanna; tá díon slinne gabhail éadain air le sceimhleacha coirbéalta, agus fuinneoga nua-aoiseacha saise d'adhmad.

Tá troscán brataithe ionsuite admhaid sa seomra cúirte airde dúbailte, staighrí adhmaid, gailearaithe le colúin d'iarann teilgthe, agus múnlaí ar na coirnísí. Maireann doirse painéalta adhmaid, simné-phíosaí d'aolchloch agus d'iarann teilgthe agus leaca urláir d'aolchloch chomh maith. Athchóirithe istigh c. 1985.

MEASTÓIREACHT:
Teach cúirte ón 19ú haois atá slán thar mar is gnách, a bhfuil an chuid is mó den bhfabraic inmheánach agus foirm phlean an fhoirgnimh le fáil ann, cuma maith istigh air, ach tá an aghaidh ghaineamhchloiche síonídithe go dona.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 30

LÁTHAIR:
Ainm: Scoil na mBráithre Críostaí
Seoladh: Sráid Eoin / An Meal
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Fearann
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Scoil / Oideachasúil
In úsáid mar: Scoil / Oideachasúil

DÁTA: 1870 - 1875

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Scoil scoite dhá stór agus foirgneamh mainistreach, ar phlean L-chruthach, in úsáid mar scoil ina iomláine anois, tógtha in 1873. Rindreáil garbhtheilgthe ach na clocha cúinne agus mórthimpeall na bhfuinneog fágtha gan rindreáil. Gaineamhchloch sneiceáilte ainmhínithe ar an mbá starrach isteach, clocha greanta coirbéalta ag na sceimhleacha do na díonta slinne claonta. Croiseanna cloiche ar na beanna stuaice. Fuinneoga saise adhmaid don chuid is mó. Eite níos déanaí ó dheas le struchtúr siúntánach ón 20ú haois. Cuid mhaith den luath-shiúinéireacht, bailchríocha urláir, deighilteanna gloinithe agus painéil dádó-bhrataithe adhmaid fós le fáil sna seomraí ranga. Cailleadh an taobh istigh, fuinneoga agus an díon in eite na mainistreach sa tine i 2005. Gairdíní mórthimpeall, gairdín léibheannaithe le céimeanna go dtí an Meal san áireamh, teorainn d'fhalla cloiche leis an lána mar dhara bealach isteach ón Meal, úllord agus sean-reilig ar chúl. Iarsmaí d'fhalla an Bridewell mar theorainn don taobh thiar.

MEASTÓIREACHT: Tháinig na Bráithre Críostaí go dtí An Daingean in 1848, bhí an chéad scoil i Halla an Línéadaigh, agus aistríodh go dtí an scoil agus mainistir shaintógtha seo in 1873. Tá an foirgneamh ar shuíomh mar a bhíodh beairic an bhaile, in aice le suíomh ar a raibh séipéal Caitliceach réamh-Fhuascailte. Ionad tábhachtach ceannasach ar an mbaile is ea an suíomh ard. Cuireann na gairdíní, na fallaí teorann cloiche atá leis an suíomh, a ionad ard, agus roinnt dá luathghnéithe a bheith fós ar fáil sna seomraí ranga le tábhacht an fhoirgnimh scoile.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 31

LÁTHAIR:
Ainm: Caidéal Uisce
Seoladh: An Meal
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Caidéal Uisce / Troscán Sráide/
In úsáid mar:

DÁTA: 1850 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Caidéal uisce péinteálta d'iarann teilgthe, c. 1870, as úsáid. Seafta cuislithe agus ceann cruinneachánach le stuaic. Hanla luamháin agus sconna caillte. Sconna nua-aoiseach curtha mar a raibh an gob.

MEASTÓIREACHT: Ceann de cheithre cinn de chaidéil uisce d'iarann teilgthe a mhaireann fós ar an mbaile. Tábhachtach mar ghné de shaintréithe stairiúla sráide An Mheal.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 32

LÁTHAIR:
Ainm: Caidéal Uisce
Seoladh: An Fearann
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Fearann
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Caidéal Uisce / Troscán Sráide/
In úsáid mar:

DÁTA: 1850 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Caidéal uisce péinteálta d'iarann teilgthe, c. 1870, as úsáid. Seafta cuislithe, ceann cruinneachánach. Tá an hanla luamháin caillte.

MEASTÓIREACHT: Ceann de chúig cinn de chaidéil uisce d'iarann teilgthe a mhaireann fós ar an mbaile. Tábhachtach mar ghné de shaintréithe stairiúla sráide An Fhearainn.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 33

LÁTHAIR:
Ainm: Cuaille Ceárta
Seoladh: Ionad na bPoll, An Daingean
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Seanchuaille Ceárta / Troscán Sráide/
In úsáid mar:

DÁTA:

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Cuaille lúbtha gaibhneoireachta, as úsáid. Sparra loinge ab ea an cuaille i dtús báire. Tá sé seo ar cheann de na cuaillí lúbtha gaibhneoireachta deiridh ar a bhfuil eolas in Éirinn.

MEASTÓIREACHT: Tábhachtach mar ghné de shaintréithe stairiúla sráide Ionad na bPoll.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 34

LÁTHAIR:
Ainm: 1 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach trí bhá aon stór deireadh sraithe, ina thigín garda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le léasanna dín. Doras agus fuinneoga nua-aoiseacha uPVC. Nuachóirithe taobh istigh.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith tigíní a tógadh go luath sa 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur tháinig siad slán mar ghrúpa. Ní rabhthas in ann dul isteach iontu, ach tá an chuma orthu i gcoitinne go bhfuil siad athraithe cuid mhaith istigh, ach bheadh na sonraí tógála istigh simplí, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 35

LÁTHAIR:
Ainm: 2 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá aon stór le háiléar dormánach, tigín garda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le fuinneoga dormánacha. Póirse starrach aon stór le sonraí cíorlámhaigh ag an díon leibhéalta, a cuireadh leis go luath san 20ú haois de réir dealraimh. Doras agus fuinneoga nua-aoiseacha uPVC. Nuachóirithe taobh istigh.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith tigíní a tógadh go luath sa 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur tháinig siad slán mar ghrúpa. D'fhéadfadh gur cuireadh an póirse leis seo nuair a bhí na teachíní in úsáid mar theachíní de chuid eastát Burnham. Ní rabhthas in ann dul isteach iontu, ach tá an chuma air i gcoitinne go bhfuil siad athraithe cuid mhaith istigh, ach bheadh na sonraí tógála istigh simplí, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 36

LÁTHAIR:
Ainm: 3 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá aon stór le háiléar dormánach, tigín garda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le fuinneoga dormánacha. Póirse starrach aon stór le sonraí ráille ag an díon leibhéalta, a cuireadh leis sa luath 20ú haois, de réir dealraimh. Doras agus fuinneoga nua-aoiseacha adhmaid. Nua-chóirithe istigh.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith tigíní a tógadh go luath sa 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur tháinig siad slán mar ghrúpa. D'fhéadfadh gur cuireadh an póirse leis seo nuair a bhí na teachíní in úsáid mar theachíní de chuid eastát Burnham. Ní rabhthas in ann dul isteach iontu, ach tá an chuma air i gcoitinne go bhfuil siad athraithe cuid mhaith istigh, ach bheadh na sonraí tógála istigh simplí, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 37

LÁTHAIR:
Ainm: 4 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá aon stór, tigín garda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le fuinneoga dormánacha. Doras brataithe adhmaid agus fuinneoga nua-aoiseacha cáisminte.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith tigíní a tógadh go luath sa 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur tháinig siad slán mar ghrúpa. De réir dealraimh, tá méid na bhfuinneog agus an dorais mar a bhí i dtús aimsire sa teach seo. Ní rabhthas in ann dul isteach ann, ach tá an chuma air i gcoitinne go bhfuil sé athraithe cuid mhaith istigh, ach bheadh na sonraí tógála istigh simplí, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 38

LÁTHAIR:
Ainm: 5 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá aon stór le háiléar dormánach, tigín garda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le fuinneoga dormánacha. Fuinneoga cáisminte nua-aoiseacha agus doras tosaigh uPVC.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith tigíní a tógadh go luath sa 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur tháinig siad slán mar ghrúpa. Ní rabhthas in ann dul isteach ann, ach tá an chuma air i gcoitinne go bhfuil sé athraithe cuid mhaith istigh, ach bheadh na sonraí tógála istigh simplí, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 39

LÁTHAIR:
Ainm: 6 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá aon stór le háiléar dormánach, tigín garda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le fuinneoga dormánacha. Fuinneoga cáisminte nua-aoiseacha agus doras tosaigh uPVC.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith tigíní a tógadh go luath sa 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur tháinig siad slán mar ghrúpa. De réir dealraimh, tá méid na n-oscailtí fuinneoige agus dorais mar a bhí i dtús aimsire sa teach seo. Ní rabhthas in ann dul isteach ann, ach tá an chuma air i gcoitinne go bhfuil sé athraithe cuid mhaith istigh, ach bheadh na sonraí tógála istigh simplí, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 40

LÁTHAIR:
Ainm: 7 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá aon stór, tigín garda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le léas dín. Doras agus fuinneoga cáisminte nua-aoiseacha.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith tigíní a tógadh go luath sa 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur tháinig siad slán mar ghrúpa. De réir dealraimh, tá méid na n-oscailtí fuinneoige agus dorais mar a bhí i dtús aimsire sa teach seo. Ní rabhthas in ann dul isteach ann, ach tá an chuma air i gcoitinne go bhfuil sé athraithe cuid mhaith istigh, ach bheadh na sonraí tógála istigh simplí, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 41

LÁTHAIR:
Ainm: 8 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá dhá stór, tigín de chuid an gharda cósta tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne. Cuireadh an dara stór leis níos déanaí. Póirse starrach aon stór chun tosaigh, a cuireadh leis níos déanaí chomh maith. Fuinneoga saise adhmaid.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith teachíní a tógadh go luath san 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur mhair siad mar ghrúpa. Seo an t-aon cheann den ghrúpa ar cuireadh an dara stór leis. Ní rabhthas in ann dul isteach iontu, tá an cuma air gur athraíodh cuid mhaith istigh iad, ach bheadh a ngnéithe inmheánacha simplí ón tús, pé scéal é

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 42

LÁTHAIR:
Ainm: 9 Tigíní an Imligh
UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 42

LÁTHAIR:
Ainm: 9 Tigíní an Imligh
Seoladh: Tigíní an Imligh
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach trí bhá aon stór deireadh sraithe, teachín de chuid gardaí an chósta uair, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le fuinneoga binne agus léasanna dín. Póirse starrach aon stór chun tosaigh agus cuireadh struchtúr díon le falla le taobhfhalla níos déanaí. Fuinneoga comhla nua-aoiseacha.

MEASTÓIREACHT: Ceann de shraith teachíní a tógadh go luath san 19ú haois mar stáisiún garda cósta. Is é a dtábhacht gur mhair siad mar ghrúpa. Ní rabhthas in ann dul isteach iontu, tá an cuma air gur athraíodh cuid mhaith istigh iad, ach bheadh a ngnéithe inmheánacha simplí ón tús, pé scéal é.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 43

LÁTHAIR:
Ainm: Tigh Bád
Seoladh: Imleach an Daingin
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Stáisiún / Garda Cósta
In úsáid mar: Teach Scoite / Cónaí

DÁTA: 1840 - 1850

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach bád scoite dhá stór, leis an ngarda cósta tráth, tógtha c. 1841, comhtháite anois le cónaí níos mó. Díon claonta nua-aoiseach slinne. Fuinneoga saise adhmaid. Ar phlaic ar fhalla na binne thoir tugtar an dáta ar tógadh é.

MEASTÓIREACHT: Tá tábhacht leis an teach bád de chuid an gharda cósta, mar a bhíodh, toisc a dháta cuíosach luath, agus toisc gur coimeádadh an bealach isteach do bháid slán ar chló an éadain le huisce..

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 44

LÁTHAIR:
Ainm: Tigh an Roicéid
Seoladh: Stáisiún na nGardaí Cósta, An Daingean
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Imleach an Daingin
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Stáisiún / Garda Cósta
In úsáid mar: Stáisiún / Garda Cósta

DÁTA: 1850-1870

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Stáisiún leathscoite garda cósta, aon bhá aon stór, ina Thigh Roicéid tráth, tógtha c. 1850 don gharda costa. Díon claonta slinne. fallaí rindreálta le bricí nochta timpeall na n-oscailtí. Doirse dúbailte brataithe adhmaid chun tosaigh. Caomhnaithe agus tógtha isteach mar chuid den stáisiún nua garda cósta déanach sna 1990í, d'úsáid na foirgnimh nua an foirgneamh a bhí ann mar bhonn tagartha.

MEASTÓIREACHT: Tá tábhacht le Tigh an Roicéid toisc gurb é an t-aon cheann d'fhoirgnimh éagsúla a bhain leis an ngarda cósta mórthimpeall chósta Imleach an Daingin atá fós in úsáid ag an ngarda cósta féin. Nascadh isteach go híogair leis an stáisiún nua don gharda cósta é ag Bord na nOibreacha Poiblí.

.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 45

LÁTHAIR:
Ainm: Tábhairne Hannah Griffin's
Seoladh: Sráid na Trá
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Fearann na Cille
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Sraithe / Cónaí
Úsáid Bhreise: Teach Óil / Ósta / Tábhairne / Foirgneamh Poiblí
In úsáid mar: Teach Sraithe / Cónaí

DÁTA: 1820-1840

STAID: Measartha

COMHDHÉANAMH: Teach sraithe trí bhá dhá stór, le beár poiblí ar urlár na talún tráth, tógtha c. 1830. Díon claonta slinne le léasanna dín. Bhí rindreáil de phlástar péinteálta agus líneáltha isteach ar an aghaidh thosaigh; is dóichí gur de spallaí atá na fallaí tógtha. Áirsí socair adhmaid sna fuinneoga taispeántais ar urlár na talún agus fuinneoga saise adhmaid dó-os-cionn-a-dó ar an gcéad urlár. Leathdhoirse d'adhmad brataithe fós le fáil istigh, maraon leis an staighre agus foirm an phlean. Beár ar urlár na talún slán ach ní úsáidtear níos mó.

MEASTÓIREACHT: Teach sraithe slán le beár ar urlár na talún, de dhealramh go raibh sé ar an gcéad eagrán (1841-42) den léarscáil SO. Cuireann go mór leis an dea-chuma atá ar dhreach Shráid na Trá Íochtarach, ós ní é go bhfuil an aghaidh agus na fuinneoga taispeántais slán ach go háirithe.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 46

LÁTHAIR:
Ainm: Tábhairne Uí Fhlaithimh / Flahive's Bar
Seoladh: Sráid na Trá
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Daingean
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Óil / Ósta / Tábhairne / Foirgneamh Poiblí
Úsáid Bhreise: Cónaí
In úsáid mar: Teach Óil / Ósta / Tábhairne / Foirgneamh Poiblí

DÁTA: 1850-1870

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach Tábhairne scoite trí bhá dhá stór le cóiríocht chónaithe ar an gcéad urlár, tógtha c. 1860. Díon claonta slinne le léasanna dín. Doras agus fuinneoga cáisminte nua-aoiseacha. Fuinneoga taispeántais nua-aoiseacha de phlátghloine ar urlár na talún. Istigh, de réir dealraimh, coimeádtar leagan amach ó thús an 20ú haois, siopa agus cuntar an bheáir d'adhmad, síleáil bhrataithe adhmaid, cailleach (snug) adhmaid le tíleanna urláir agus doirse brataithe.

MEASTÓIREACHT: Sampla maith de bheár agus siopa cois cuain, a bhfuil an taobh istigh slán don chuid is mó, agus as seo a éiríonn a thábhacht. Toisc é a bheith i seilbh na clainne céanna, is amhlaidh a tháinig an chuid is mó den bhfabraic istigh slán.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 47

LÁTHAIR:
Ainm: Caidéal Uisce
Seoladh: An Choill
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Choill
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Caidéal Uisce / Troscán Sráide/
In úsáid mar:

DÁTA: 1850 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Caidéal uisce péinteálta d'iarann teilgthe, c. 1870, níl in úsáid níos mó. Seafta cuislithe. Ceann an chaidéil in easnamh, clúdaithe le brat miotail. Bun an chaidéil socair i gcoincréit an chosáin. Hanla luamháin in easnamh. Maireann an sconna.

MEASTÓIREACHT: Ceann de cheithre cinn de chaidéil uisce d'iarann teilgthe a mhaireann ar an mbaile. Tábhachtach mar chuid de ghné stairiúil sráide na Coille.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 48

LÁTHAIR:
Ainm: Siopa an Dearúid
Seoladh: Droichead Bhaile an Mhuilinn
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Choill
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Sraithe / Cónaí
Úsáid Bhreise: Cóir Mhiondíolacháin / Foirgneamh Poiblí / Tráchtála
In úsáid mar:

DÁTA: 1820 - 1840
STAID: Measartha

COMHDHÉANAMH: Péire de dhá fhoirgneamh sraithe dhá stór, teach ceithre bhá is ea ceann acu, siopa trí bhá ab ea an ceann eile tráth, forleathnú dhá stór ar thaobh amháin. Scrios tine díon an tsiopa le déanaí. Díon claonta slinne fós ar an teach. Aghaidh de phlástar mín sa dá chás. Doirse adhmaid agus fuinneoga cáisminte uPVC. Sonraí plástair fós ar aghaidh an tsiopa, coirnís san áireamh. Cúinní plástair ar an dá fhoirgneamh. Bhí díon siúntánach ar fhorleathnú taoibhe an tsiopa, tá sin caillte anois chomh maith.

MEASTÓIREACHT: Tigh Uí Ghrífín agus Siopa an Dearúid atá ar an ngrúpa foirgneamh seo go háitiúil, an siopa 'deiridh' ar an mbóthar siar as an Daingean, áit a bhféadfaí nithe a dearúdadh a cheannach. Baineann tábhacht an ghrúpa lena ndreach, mar léiríonn siad cá dtosnaíonn baile an Daingin, díreach tar éis an droichead aniar a bheith trasnaithe agat. Ó thaobh scála, foirme agus ábhair léirítear iontu an sórt foirgnimh uirbigh is coitianta i mbaile an Daingin..

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 49

LÁTHAIR:
Ainm: Ospidéal
Seoladh: Sráid na nGabhar
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Fearann Uí Fhlaitheartaigh
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach na mBocht / Sláinte
In úsáid mar: Ospidéal / Sláinte

DÁTA: 1850 - 1860
STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Foirgneamh scoite ospidéil seacht mbá dhéag trí stór, ar phlean H-chruthach, a thóg Coimisinéirí Dhlí na mBocht in 1852 mar Theach de chuid Aontas Dhlí na mBocht, deartha ag George Wilkinson. Iompaíodh an foirgneamh chun úsáide mar ospidéal go luath san 20ú haois. Ionad ina raibh i bhfad níos mó foirgneamh a bhí ann ar dtús, is é atá fágtha anois ná an bloc láir H-chruthach, leis an bpríomhospidéal ar an taobh ó dheas, agus droichead gearr á nascadh le halla aon stór ar chúl, a bhíodh ina shéipéal agus halla bia, ach atá ina stóras anois. Maireann bloc scoite dhá stór ar leith ar an taobh thoir chomh maith. Tá claon-díonta slinne ar na foirgnimh agus fallaí rindreálta. Tá fuinneoga nua-aoiseacha cáisminte de uPVC ar na codanna atá in úsáid mar ospidéal, agus maireann meascán de luathfhuinneoga saise adhmaid agus fuinneoga cáisminte in áiteanna eile. Maireann an taobh istigh mar a bhíodh i dTeach na mBocht ar an tríú hurlár den phríomhbhloc, áit a bhfuil ardáin codlata adhmaid. Tá staighre starrmhaide trí stór cloiche slán go hiomlán. San halla sa bhloc cúil maireann an struchtúr dín d'adhmad nocht. Maireann roinnt siúinéireachta dorais agus fuinneoige in áiteanna eile agus roinnt dromchlaí urláir tílithe.

MEASTÓIREACHT: Is foirgneamh tábhacht é seo, a bhí ina Theach na mBocht tráth agus a mhaireann fós; maireann an leagan amach inmheánach ar an tríú hurlár nach bhfuil in úsáid faoi láthair slán ach go háirithe, chomh maith le gnéithe inmheánacha suntasacha eile, an staighre starrmhaide cloiche, mar shampla. Tá brí shóisialta leis an bhfoirgneamh, i gceantar an Daingin ach go háirithe, nuair a chuirtear tionchar na bochtaineachta agus an Ghorta san áit i lár an 19ú haois, agus cuireann sé seo le tábhacht an fhoirgnimh. Cé gur cailleadh cuid mhaith d'fhoirgnimh ghaolmhara Theach na mBocht, tá an suíomh slán ar an mórchóir, reilig d'áitritheoirí Theach na mBocht ar an taobh thuaidh san áireamh.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 50

LÁTHAIR:
Ainm: Píobán aerála
Seoladh: Sráid na nGabhar
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Fearann na Cille
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Píobán aerála / Troscán Sráide/
In úsáid mar:

DÁTA: 1850 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Píobán aerála péinteálta d'iarann teilgthe, c. 1870, as úsáid. Seafta cuislithe. Ceann cruinneachánach. Suite lasmuigh d'fhalla teoranna an ospidéil.

MEASTÓIREACHT: Ceann de cheithre cinn de phíobáin aerála d'iarann teilgthe ar an mbaile. Tábhachtach mar ghné de shaintréithe stairiúla sráide Shráid na nGabhar.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 51

LÁTHAIR:
Ainm: Caidéal Uisce
Seoladh: Sráid na nGabhar (1)
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Fearann Uí Fhlaitheartaigh
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Caidéal Uisce / Troscán Sráide/
In úsáid mar:

DÁTA: 1850 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Caidéal uisce péinteálta d'iarann teilgthe, c. 1870, as úsáid. Seafta cuislithe, ceann cruinneachánach agus sconna comhtháite. Tá an hanla luamháin caillte.

MEASTÓIREACHT: Ceann de cheithre cinn de chaidéil uisce d'iarann teilgthe a mhaireann fós ar an mbaile, an dara ceann de bheirt ar Shráid na nGabhar. Tábhachtach mar ghné de shaintréithe stairiúla sráide Shráid na nGabhar.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 52

LÁTHAIR:
Ainm: Caidéal Uisce
Seoladh: Sráid na nGabhar (2)
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: An Gróbh
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Caidéal Uisce / Troscán Sráide/
In úsáid mar:

DÁTA: 1850 - 1900

STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Caidéal uisce péinteálta d'iarann teilgthe, c. 1870. Seafta agus ceann cuislithe. Hanla luamhán agus sconna caillte. Suite díreach in aice leis an gCloch Bheannaithe. Stampa na teilgcheárta ar an mbun: 'Glenfield & Kennedy Ltd, Kilmarnock', comhlacht Albanach a bunaiodh in 1865, agus a dhein táirgí oibreacha uisce le heasportáil ar fud an domhain.

MEASTÓIREACHT:

Ceann de cheithre cinn de chaidéil uisce d'iarann teilgthe a mhaireann fós ar an mbaile, an chéad cheann de bheirt ar Shráid na nGabhar. Tábhachtach mar ghné de shaintréithe stairiúla sráide Shráid na nGabhar. Cuireann an stampa teilgcheárta lena thábhacht.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 53

LÁTHAIR:
Ainm: Na Cábáin
Seoladh: Lána an tSéipéil
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Fearann Uí Fhlaitheartaigh
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teachín Ceann Tuí / Cónaí
Úsáid Bhreise: Foirgnimh / Feirm
In úsáid mar:

DÁTA: 1800 - 1840

STAID: Drochstaid

COMHDHÉANAMH: Grúpa sraithe de thrí fhoirgneamh aon stór, an foirgneamh láir ina thigín ceann tuí nó cábán tráth, le foirgnimh feirme amuigh ar an dá thaobh. Faoi láthair in úsáid le haghaidh stórála nó as úsáid. Claondhíonta de mhiotal rocach ag na foirgnimh anois. Bloc-obair choincréite agus doras sleamhnáin de mhiotal mar a raibh falla tosaigh cloiche an fhoirgnimh ó dheas. Iarsmaí d'fhuinneoga agus doirse adhmaid don teach i lár baill.

MEASTÓIREACHT: Is é atá sna trí fhoirgnimh ná a bhfuil fágtha de lána iomlán de chábáin cheann tuí agus d'fhoirgnimh feirme ón 18ú agus ón 19ú haois. Cé go bhfuil an lána díreach ina aice leis an tSráid Mhór sa Daingean, maireann a bhunbhlas tuaithe. Tá tábhacht le Lána an tSéipéil i stair an bhaile, mar is ansan i bpáirc lastuaidh den lána atá suíomh séipéil Chaitliceach ón tréimhse réamh-Fhuascailte.

UIMH CHLÁR. Uimhir ar Léarscáil: 54

LÁTHAIR:
Ainm: Teach Fearann na Cille
Seoladh: Sráid na nGabhar
Baile: An Daingean
Baile Fearainn: Fearann na Cille
Contae: Ciarraí

CINEÁL:
Bunchineál: Teach Scoite / Cónaí
In úsáid mar: Oifigí Rialtais Áitiúil / Foirgneamh Poiblí / Riarachán

DÁTA: 1800 - 1830
STAID: Maith

COMHDHÉANAMH: Teach scoite trí bhá dhá stór os cionn leathíoslaigh, tógtha c. 1800, in úsáid anois mar oifigí rialtais áitiúil. Díon géarchlaonta gabhail éadain, le sceimhleacha fiaclacha cloiche agus stoc simné mór amháin ar bhuaic an tí. Struchtúr siúntánach aon stór leis an taobh. Cló trí stór ar chúl. Aghaidh chun tosaigh de spallaí eisléire gaineamhchloiche ina gcúrsaí le clocha cúinne, fallaí eile lasmuigh de spallaí ina gcúrsaí, iarsmaí den rindreáil garbhtheilgthe aoil le fáil in áiteanna. Achar laistigh de ráillí chun tosaigh agus ar an dá thaobh, bealach isteach don tigh chun tosaigh de chéimeanna aolchloiche agus droichead, leathbhainte le haghaidh rampa rochtana. Cás dorais d'aolchloch greanta agus péinteálta le colúin comhghreamaithe iónacha agus feanléas adhmaid. Doirse nua-aoiseach dúbailte. Fuinneoga nua-aoiseacha uPVC. Maireann roinnt fallaí ísle de spallaí don diméin, ach tharla forbairt sa chuid thoir den diméin, agus ní mhaireann aon fhoirgnimh ghaolmhara seachtracha. Staighre bhreá fiarlán fós istigh ann, siúinéireacht fuinneoige agus dorais i gcuid de na seomraí, roinnt obair mhaisiúcháin i bplástar ar na síleálacha agus leaca cloiche ar an urlár san íoslach.

MEASTÓIREACHT: Teach tábhachtach tuaithe ó thús an 19ú haois a mhaireann fós, tógtha sa stíl Sheoirseach chlasaiceach dhéanach, le gnéithe áirithe suntasacha inmheánacha. Baineann sé cuid mhaith dá thábhacht an limistéar thoir den diméin a bheith caillte, agus léiríonn cuid de na hathruithe a deineadh le déanaí, na fuinneoga uPVC mar shampla, easpa tuisceana. Tá an gaol idir an teach agus an radharc ar an gcuan, agus an diméin ó dheas, níos iomláine agus tá tábhacht leis. Tá a bhfuil fágtha den bhfalla spallaí ar an mbealach isteach ina chuid thábhachtach den chúirtealáiste.

AGUISÍN C – Liosta Séadchomharthaí

Aguisín C Liosta Séadchomharthaí sa Daingean atá ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna		
Uimhir Thag.	Tuairisc	Láthair
KE043-224	Baile	An Daingean Fearann Uí Fhlaitheartaigh Fearann na Cille (Co. By.) An Daingean ED Gort Onóra An Gróbh
KE053-016	Suíomh Rátha	Imleach an Daingin (Co. By.) An Daingean ED
KE053-01601	Uaimh Thalún	Imleach an Daingin (Co. By.) An Daingean ED
KE053-01602	Cloch Oghaim	Imleach an Daingin (Co. By.) An Daingean ED
KE053-017	Suíomh imfhálaithe	An Fearann (Co. By.) An Daingean ED
KE053-088	Baile	Imleach an Daingin (Co. By.) An Daingean ED An Fearann (Co. By.) An Daingean ED